# Tuarascáil Bhliantúil 2016

Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
Irish Human Rights and Equality Commission

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2016

Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
Irish Human Rights and Equality Commission

**Arna fhoilsiú den chéad uair i mí Meitheamh 2017**
**ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas**
**16-22 Sráid na Faiche, Baile Átha Cliath 7, D07 CR20**

Cóipcheart © Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2017

Bunaíodh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas faoi reacht ar an 1 Samhain 2014 chun cearta an duine agus comhionannas in Éirinn a chosaint agus a chur chun cinn, chun cultúr measa ar chearta an duine, ar an gcomhionannas agus ar thuiscint idirchultúrtha a chur chun cinn, chun tuiscint agus feasacht ar thábhacht chearta an duine agus an chomhionannais a chur chun cinn, agus chun oibriú i dtreo mí-úsáidí chearta an duine agus idirdhealú a dhíbirt.
ISBN 978-0-9957296-3-6

# AN CLÁR ÁBHAR


**Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais** 1

**Acrainmneacha agus Giorrúcháin a úsáidtear sa tuarascáil seo** 2

**Teachtaireacht an Phríomh Choimisinéara** 3

**Faoin gCoimisiún, Ár bhFís agus Sainordú** 8

**An Choimisiún** 10

**Tuarascáil ar ghníomhaíocht** 11

**Ár gCumhachtaí Dlíthiúla, Dualgas na hEarnála Poiblí go háirithe, a Chur i bhFeidhm go Réamhghníomhach** 13

Cultúr chearta an duine agus comhionannais a leabú san earnáil phoiblí trí Alt 42 den Acht fán gCoimisiún, 2014 (Dualgas na hEarnála Poiblí) 14

Ár gcumhachtaí dlí a chur i bhfeidhm 15

Monatóireacht ar chonarthaí chearta an duine agus comhionannais sna Náisiúin Aontaithe, san Aontas Eorpach agus i gComhairle na hEorpa 18

Rannpháirtíocht straitéiseach sa phróiseas reachtaíochta 22

Cur le comhairliúcháin náisiúnta, forbairt beartas agus cur i bhfeidhm straitéisí 22

Tionscadail ábhartha na sochaí sibhialta a dtacaítear leo faoi scéim deontas chearta an duine agus comhionannais, 2016 23

**Tuiscint ar dhoroinnteacht an chomhionannais agus chearta an duine a chur chun cinn** 24

Aitheantas a thógáil don luach ar bhuiséadú chearta an duine agus an chomhionannais 25

Sonraí feabhsaithe faoi chearta an duine agus comhionannas a fhorbairt 26

Feasacht, tuiscint agus tacaíocht le haghaidh cearta socheacnamaíocha a chur chun cinn 26

Tionscadail ábhartha na sochaí sibhialta a dtacaítear leo faoi scéim deontas chearta an duine agus comhionannais, 2016 27

**Comhionannas agus cearta an duine a chur i gcrích** 29

Rannpháirtíocht agus comhairliúchán a chur i lár ár gcuid oibre: comhairliúchán náisiúnta an Choimisiúin ar CEDAW 30

Faisnéis faoi chearta an duine agus comhionannas a dhéanamh infhaighte agus spéisiúil 32

Tacú leis an bpobal chun a gcearta a chruthú 33

Tacú le dea chleachtas in oideachas chearta an duine agus an chomhionannais agus é a chur chun cinn 36

Tionscadail ábhartha na sochaí sibhialta a dtacaítear leo faoi scéim deontas chearta an duine agus comhionannais, 2016 38

**Éagsúlacht agus tuiscint idirchultúrtha** 39

Guth neamhspleách ar eitneacht Lucht Siúil, soláthar díreach agus cearta dídeanaithe agus imirceach 40

Tacú le tionscnaimh na sochaí sibhialta ar an idirchultúrachas agus éagsúlacht agus a bheith rannpháirteach iontu 42

Tionscadail ábhartha na sochaí sibhialta a dtacaítear leo faoi scéim deontas chearta an duine agus comhionannais, 2016 43

**Rialachas corparáideach agus seirbhísí corparáideacha** 44

Rialachas Corparáideach 44

Rialú Airgeadais 45

Iniúchadh agus Riosca 45

Acmhainní Daonna 45

An tAcht um Míchumas, 2005 46

Áitreabh 46

An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014 46

Forléargas ar Úsáid Fuinnimh 47

Nochtadh Cosanta 47

**Tuairisc faoi Alt 42 den Acht fán gCoimisiún, 2014 (Dualgas na hEarnála Poiblí)** 48

**Aguisíní** 50

Comhaltaí an Choimisiúin 50

Freastal ar an gCoimisiún 52

Fochoistí an Choimisiúin 53

Foireann an Choimisiúin 54

Rannpháirtíocht i Sásraí Idirnáisiúnta 55

Foilseacháin an Choimisiúin 56

Preaseisiúintí an Choimisiúin 57

# TUARASCÁIL LE CUR FAOI BHRÁID THITHE AN OIREACHTAIS

Cuirim faoi bhráid Thithe an Oireachtais tuarascáil bhliantúil Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas de bhun alt 28(1) den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.

Baineann an tuarascáil bhliantúil seo leis an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2016



Emily Logan

An Príomh-Choimisinéir
Meitheamh 2017

# ACRAINMNEACHA AGUS GIORRÚCHÁIN A ÚSÁIDTEAR SA TUARASCÁIL SEO

| | |
|---|---|
| ATU | Athbhreithniú Tréimhsiúil Uilechoiteann |
| CCÁC | An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre |
| CECD | An Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine |
| CEDAW | An Coinbhinsiún maidir le gach cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú |
| CRPD | An Coiste um Chearta Daoine faoi Mhíchumas |
| ENNHRI | Líonra Eorpach na nInstitiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine |
| ESA | Na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000-2015 |
| Equinet | Líonra Eorpach na gComhlachtaí Comhionannais Náisiúnta |
| ESCE | An Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip |
| FRA | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha |
| GANHRI | An Comhaontas Domhanda d'Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine |
| GRETA | An Grúpa Saineolaithe um Ghníomhaíocht i gcoinne Gáinneála ar Dhaoine |
| IHREC | Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas |
| IPA | An Foras Riaracháin |
| NHRI | Institiúid Náisiúnta um Chearta an Duine |
| OPCAT | Prótacal Roghnach a ghabhann leis an gCoinbhinsiún i gcoinne Céasadh agus i gcoinne Íde nó Pionóis Eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach |

# TEACHTAIREACHT AN PHRÍOMH CHOIMISINÉARA

Thar ceann Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, is mór agam ár ndara Tuarascáil Bhliantúil a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

## Cearta an Duine agus Comhionannas in 2016

Ní féidir neamhaird a dhéanamh de na himpleachtaí atá ag imeachtaí réigiúnacha agus domhanda a bhain le cearta an duine agus comhionannas agus nach raibh aon súil leo in 2016 – bliain ina raibh fuath agus éadulaingt i lár an aonaigh, ag cruthú éiginnteacht shuntasach agus ar bhain an aird go minic d'fhorbairtí beartais phoiblí sa bhaile nach bhfuil chomh tábhachtach céanna cheapfá ach a fhágann daoine níos leochailí, go háirithe iad siúd atá faoin míbhuntáiste is mó.

Agus an éiginnteacht sin os ár gcomhair, tá sé tábhachtach go gcuimhneoimis ar ár dteist inmholta ag cosaint chearta an duine ar fud na cruinne agus á gcur chun cinn, ag cinntiú go ndéanaimid beart de réir ár mbriathra sa bhaile freisin, ag léiriú gur tír muid a roghnaíonn meas ar chearta an duine agus ar chomhionannas sa chaoi a gcaitear le daoine in áit fuatha agus éadulaingthe.

Smaoinigh mar shampla ar an bhforbairt is deireanaí i rith ghéarchéim na ndídeanaithe, an comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Tuirc, inar thug an tAontas Eorpach cúl láimhe go mall do na bunphrionsabail ar ar bunaíodh é: luachanna uilíocha dhínit an duine, saoirse, comhionannais agus dlúthpháirtíochta. Cé go raibh baint ollmhór ag Seirbhís Chabhlach na hÉireann a chur chuig an Meánmhuir leis na mílte duine a shábháil, caithfimid anois ár bhfreagra idirnáisiúnta agus ár ngníomh náisiúnta a chur ar comhchéim, ag díriú go háirithe ar an riosca a bhíonn ann do dhídeanaithe ar leanaí iad agus ar bheartais athaontaithe teaghlaigh a neartú.

Níos gaire do bhaile, bhí díospóireachtaí ar chúrsaí trádála go mór chun cinn sa phlé i ndiaidh an Bhreatimeachta. Mar Chomhchoiste le Coimisiún Thuaisceart Éireann um Chearta an Duine, a bunaíodh faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta/Bhéal Feirste, agus ag tógáil ar an gcéad uair riamh dúinn teacht os comhair an Chomhchoiste Oireachtais ar Chomhaontú Aoine an Chéasta a Chur i bhFeidhm in 2015, leanamar ar aghaidh ag comhoibriú chun a chinntiú go mbreithnítear cothroime measa ar chearta an duine agus comhionannas ar fud oileán na hÉireann, mar a fhoráiltear dó faoin gComhaontú.

## Ról an Choimisiúin

Tá ár ról mar chomhlacht neamhspleách náisiúnta do chearta an duine agus comhionannas níos tábhachtaí ná riamh sa ré éiginnte seo.

Mar chomhlacht poiblí tagann an ról seo le freagracht chun

tuiscint ar ár ról a chur in iúl, chomh maith agus is féidir linn, i dteannta an mhéid a dhéanaimid mar institiúid náisiúnta chearta an duine agus mar chomhlacht náisiúnta comhionannais. Is é seo an dara bliain oibre dúinn, agus is léir dom ó rannpháirtíocht shuntasach sheachtrach go bhfuil go leor daoine ann nach dtuigeann fós ár ról go hiomlán, ní nach ionadh. Ceapann roinnt daoine gur cheart dúinn feidhmiú mar shár eagraíocht neamhrialtasach seachas mar ghníomhaireacht reachtúil. Leis an gceart a dhéanamh, ceapaim gur cheart breathnú air sin i gcomhthéacs iomláine ár sainordaithe reachtúil: níor ghaireamar ár gcumhachtaí reachtúla ar fad fós, agus go dtí go ngairimid, ní féidir linn a bheith ag súil go dtuigfeadh gach duine saintréith uathúil na gcumhachtaí sin agus an neart agus cumas a thugann siad chun cearta an duine agus comhionannas a chur chun cinn in Éirinn.

Bhunaigh mé institiúid náisiúnta neamhspleách um chearta an duine mar seo cheana, mar sin tá a fhios agam go dtógann sé roinnt mhaith blianta sula dtagann soiléireacht dá leithéid chun cinn, ach táim muiníneach go dtarlóidh sé.

Agus muid ag forbairt tuilleadh ár rannpháirtíochta straitéisí le páirtithe leasmhara, táthar ag tabhairt le fios go bhfuil daoine i bpoist tionchair ag tosú ag tuiscint ár róil agus go bhfuil ár n idirghabhálacha á n úsáid níos mó, agus go bhfuil meas agus tuiscint orthu ag fás. Léirítear sin leis na tagairtí fairsinge a rinneadh dár gcuid oibre i mbliana i dTithe an Oireachtais ar reachtaíocht ag a mbeidh impleachtaí do chearta an duine agus comhionannas.

Ag leibhéal an fheidhmeannais, ceapaim go bhfuil sé tábhachtach taithí dhearfach a thuairisciú agus muid ag plé le hoifigigh ar fud na ranna rialtais. D'fhéadfadh teannas forbairt uaireanta ar ndóigh, ach tá an caidreamh achrannach a bhíodh ann idir an dá chomhlacht a tháinig romhainn agus an rialtas, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais go háirithe, tar éis athrú go suntasach. Táim buíoch as caidreamh a léiríonn meas ar ár n iarrachtaí chun ár sainordú chun cearta an duine agus comhionannas a chur chun cinn agus a chosaint a chur cinn fad is a dhearbhaítear ár neamhspleáchas institiúideach. Bhí ríthábhacht le cuntasacht don Oireachtas i dteannta 'chuntas vótála' an Choimisiúin chun béim a leagan ar ár neamhspleáchas ón Rialtas.

## Méadú ar ghníomhaíocht

I mbliana, agus méadú ag teacht ar ár n inniúlacht, tháinig méadú ar ár ngníomhaíochtaí. Áirítear leis na buaicphointí:

- Méadú suntasach ar ghníomhaíocht *amicus curiae*: rinne an Coimisiún iarratas leis na hUaschúirteanna

idirghabháil a dhéanamh mar *amicus curiae* i seacht n imeacht. Tugadh cead i gcúig cinn de na cásanna sin a bhain le cearta leanaí faoi choinneáil; cearta daoine a iarrann tearmann agus náisiúnaigh nach as an Aontas Eorpach iad chun cónaí agus oibriú in Éirinn; cearta príosúnach; agus gearáin a dhéanamh de bhun na nAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2015.

- Méadú ar ár ngníomhaíocht **cúnamh dlí**, le 30 cás ar bun i rith 2016.
- Tháinig 1780 fhiosrú isteach ar ár **líne poiblí faisnéise**, a bhain go príomha le hiompar faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta agus um Stádas Comhionann.
- Dul chun cinn suntasach maidir le **dualgas na hearnála poiblí** chun feasacht a ardú i measc comhlachtaí poiblí ar a n oibleagáid dhlíthiúil deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus cearta an duine a chosaint.  De bharr na géarchéime tithíochta, rinneamar iarrachtaí sonracha nascadh leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus le húdaráis áitiúla.
- **Dioplóma Gairmiúil i gCearta an Duine agus Comhionannas** a bhunú, a forbraíodh i gcomhar leis an bhForas Riaracháin agus atá á chreidiúnú ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.
- **Rannpháirtíocht sa phróiseas reachtaíochta:** an Bille Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna), 2016, ag tógáil ar ár n obair *amicus curiae* sa Chúirt Uachtarach i gcás Stokes; an Bille um Chomhionannas / Míchumas (Forálacha Ilghnéitheacha) chun Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas a dhaingniú; agus an Bille um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2015.
- Méadú ar an méid a chuirtear le **comhairliúcháin náisiúnta** lena n áirítear aighneacht don Tionól Saoránach ar a bhreithniú ar an ochtú leasú ar an mBunreacht agus aighneacht d'Athbhreithniú Murray maidir leis an dlí ar rochtain comhlachtaí stáit ar shonraí cumarsáide iriseoirí.
- Méadú ar **mhonatóireacht idirnáisiúnta:** thángamar os comhair Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh; an Chomhairle um Chearta an Duine de chuid na Náisiún Aontaithe i gcomhthéacs an Athbhreithnithe Thréimhsiúil Uilechoitinn; agus d'óstálamar Nils Muižnieks, Coimisinéir Chomhairle na hEorpa um

Chearta an Duine, mar chuid dá chuairt monatóireachta ar an tír.

- Mar gheall ar mhéadú ar ghníomhaíocht taighde cuireadh tús le dhá phíosa shuntasacha oibre: **clár taighde dhá bhliain leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta** agus Sóisialta chun tacú le beartas a fhorbairt ar réimse téamaí comhionannais agus chearta an duine; agus tionscadal **taighde cómhaoinithe leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn** chun anailís a dhéanamh ar fhuathchaint ar líne agus ar an mbac a bhíonn ar an bhfuathchaint a thuairisciú.

## Idirdhealú

Cuireadh tús leis an bhforas nua 'cúnamh tithíochta' sna hAchtanna um Stádas Comhionann 2000–2015 an 1 Eanáir, a chuireann cosc ar idirdhealú a dhéanamh orthu siúd atá ag lorg cóiríocht ar cíos agus a fhaigheann forlíonadh cíosa, íocaíochtaí cúnamh tithíochta, nó íocaíochtaí leasa shóisialaigh eile.

Bhí an foras nua sin faoin gcúnamh tithíochta ar an bhfiosrú ba choitianta faoi idirdhealú faoi na hachtanna um stádas comhionann a tarraingíodh anuas leis an gCoimisiún in 2016, agus an foras míchumais agus foras cine ina dhiaidh sin. As na fiosruithe a rinne an pobal faoi idirdhealú faoi na hachtanna um chomhionannas fostaíochta, bhain na trí fhiosrú ba choitianta le míchumas, stádas teaghlaigh agus cine faoi seach.

Tagann an príomhbhealach chun dlí i gcoinne idirdhealú a fhorfheidhmiú in Éirinn ón duine aonair agus ó chumhacht an duine aonair gearáin a dhéanamh. Tá infheictheacht phoiblí na cumhachta sin i mbun gnímh, le fostóirí agus soláthraithe seirbhísí, a rinne idirdhealú nó ciapadh, a sainaithníodh trí ghearáin, in ann ní amháin plé poiblí ar na fadhbanna a spreagadh, ach feasacht agus cumhachtú freisin do dhaoine eile chun cur i gcoinne an idirdhealaithe. I samhail neamh idirdhealaithe atá bunaithe ar ghearáin ní thuairiscítear gach cás idirdhealaithe riamh agus táim imníoch fós go bhfuil infheictheacht phoiblí na gcásanna idirdhealaithe níos ísle mar gheall go gcuirtear rialacha anaithnide i bhfeidhm ar gach cinneadh a dhéanann an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre.

## Ceannaireacht

Tá comharthaí spreagúla le feiceáil de bhéim pholaitiúil, cé gur beag fós iad, ar chearta an duine agus comhionannas, mar shampla le ceapadh Aire Stáit le freagracht as Míchumas agus bunú Roghchoiste Oireachtais um Shocruithe le haghaidh Grinnscrúdú Buiséadach.

Is ardú meanman é freisin níos mó tagairtí a fheiceáil agus a chloisteáil faoi chaighdeáin chearta an duine agus comhionannais, lena n áirítear caighdeáin idirnáisiúnta chearta an duine, i measc an Reachtais i ndíospóireachtaí i dTithe an Oireachtais. Tá imní orm áfach faoi thuairiscí faoi dhíospóireacht i rialtais áitiúla ar leith ina ndéantar ráitis phoiblí do ghlactha faoin Lucht Siúil gan aon bhréagnú ná argóint ina gcoinne.

## Buíochas

Ar aon dul leis an méadú suntasach ar ár sainordú reachtúil a chur i bhfeidhm i mbliana, rinneadh go leor forbartha ar an eagraíocht féin. Thar ceann an Choimisiúin, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don méid a rinne an chéad Stiúrthóir, Sinéad Gibney, agus an fhoireann ar fad i gCoimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, a thugtar in aguisín a bhí linn nó a tháinig ag obair leis an gCoimisiún in 2016 agus a léirigh spleodar, fuinneamh agus tiomantas pearsanta ina gcuid oibre chun ár sainordú reachtúil a chur i bhfeidhm chun cearta an duine agus comhionannas a chur chun cinn agus a chosaint in Éirinn.

Táim ag súil le tionchar Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas sa todhchaí a neartú agus a fhairsingiú.



Emily Logan
An Príomh-Choimisinéir



# FAOIN gCOIMISIÚN

Is é Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas foras náisiúnta na hÉireann um chearta an duine agus um an gcomhionannas. Is é an cuspóir atá againn cearta an duine agus an comhionannas in Éirinn a chosaint agus a chur chun cinn agus cultúr measa ar chearta an duine, ar an gcomhionannas agus ar thuiscint idirchultúrtha sa Stát.

Bunaíodh an Coimisiún i mí na Samhna 2014 mar chomhlacht poiblí neamhspleách le sainordú faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 (an tAcht fán gCoimisiún, 2014). Tugtar réimse cumhachtaí reachtúla don Choimisiún faoin Acht fán gCoimisiún, 2014 chun cearta an duine agus comhionannas a chosaint agus a chur chun cinn.

Tá 15 chomhalta sa Choimisiúin a cheap an tUachtarán Micheál D. Ó hUigínn an 31 Deireadh Fómhair 2014, i ndiaidh rún a rith dhá Theach an Oireachtais. Feidhmíonn an Coimisiún go hiomlán neamhspleách ar an Rialtas, agus ráthaítear an neamhspleáchas institiúideach sin i reachtaíocht bhunaithe an Choimisiúin, ina bhforáiltear cuntasacht an Choimisiúin don Oireachtas.

Tugtar faoi chinnteoireacht ag leibhéal an Choimisiúin, nuair is féidir, ar bhonn an chomhaontaithe. Má tá éagsúlacht tuairimíochta ann faoi ábhar ar leith, féadfar vóta an tromlaigh a úsáid chun seasamh an Choimisiúin a chinneadh.

Tugtar miondealú iomlán ar chomhaltaí agus ar fhreastal an Choimisiúin in Aguisíní 1 agus 2.

## Misean

Sochaí chothrom agus chuimsitheach a thógáil a chosnaíonn cearta an duine agus an comhionannas in Éirinn agus a chuireann chun cinn iad.

## Sainordú Reachtúil

Agus é ag tabhairt faoina shainordú, ceanglaítear ar an gCoimisiún le halt 10(3) den Acht a fheidhmeanna a chomhlíonadh agus é ag féachaint le forbairt sochaí mar seo a leanas a spreagadh agus tacú léi:

- Sochaí ina bhfuil meas ar chearta daonna gach duine, agus ina gcosnaítear iad
- Sochaí ina bhfuil meas ar dhínit agus ar luach gach duine
- Sochaí ina gcinntítear nach bhfuil srian ar chumas duine a lánacmhainneacht a bhaint amach mar gheall ar chlaontacht, ar idirdhealú, ar fhaillí nó mar gheall ar iompar coiscthe
- Sochaí ina bhfuil deis chothrom agus chomhionann ag gach

duine páirt a ghlacadh i saol geilleagrach, polaitiúil, sóisialta nó cultúrtha an Stáit, agus

- Sochaí ina bhfuil cóimheas idir daoine, lena n áirítear aicmí daoine, bunaithe ar chomhthuiscint ar luach na héagsúlachta laistigh de shochaí agus ar chóimheas ar chearta an duine agus ar an gcomhionannas

## Ár gCuid Oibre

Is é ról reachtúil an Choimisiúin cearta an duine agus an comhionannas a chosaint agus a chur chun cinn, agus tugaimid faoi sin i mbealaí éagsúla:

- Bímid ag plé leis an bpobal chun iad a chur ar an eolas faoi chúrsaí chearta an duine agus an chomhionannais agus chun tuiscint orthu a spreagadh;
- Déanaimid athbhreithniú ar éifeachtacht dhlí, bheartas agus chleachtas chearta an duine agus an chomhionannais sa Stát agus i gcomhlachtaí poiblí, lena n áirítear plé le hoifigigh rialtais atá ag dréachtú reachtaíochta, agus leis an reachtas de réir mar a théann Bille trí Thithe an Oireachtais;
- Oibrímid freisin le pobail agus leis an tsochaí shibhialta chun monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar fhíorthaithí na ndaoine ar chearta an duine agus comhionannas.

Is féidir leis an gCoimisiún cúnamh dlí a thabhairt in imeachtaí áirithe a bhaineann le cearta an duine agus comhionannas, iarratas a dhéanamh leis na hUaschúirteanna ar chead pléadáil os a gcomhair mar *amicus curiae* (cara na cúirte), agus tús a chur le himeachtaí ina ainm féin faoi chúrsaí a bhaineann le cearta an duine.

Oibrímid i gcomhar le grúpaí agus comhlachtaí poiblí éagsúla chun athrú a chumasú a imreoidh dea thionchar ar shaol daoine agus chun forbairt cultúr measa ar chearta an duine, comhionannas agus tuiscint idirchultúrtha a spreagadh.

Is cuma má bhímid ag freagairt d’imní aonair, i mbun plé leis an reachtas, leis an rialtas nó le comhlachtaí poiblí ar bheartais agus ar chleachtais, nó ag méadú feasachta i measc an phobail ar chearta an duine agus ar an gcomhionannas, is é ár misean sochaí chothrom agus chuimsitheach a thógáil a chosnaíonn cearta an duine agus an comhionannas agus a chuireann chun cinn iad.

# AN CHOIMISIÚN



Thuas, ón taobh clé: An Príomh-Chomisinéir Emily Logan, Teresa Blake BL, Frank Conaty, Heydi Foster-Breslin, David Joyce BL, Mark Kelly, Sunniva McDonagh SC , Oll. Siobhán Mullally, Oll. Ray Murphy, an Dr Fidèle Mutswarasibo, Orlagh O'Farrell, Betty Purcell, Liam Herrick, an Dr Mary Murphy agus Kieran Rose.

# TUARASCÁIL AR GHNÍOMHAÍOCHT

I mí Eanáir 2016, sheol an Coimisiún a chéad ráiteas straitéise a chuimsíonn an tréimhse 2016–2018.

Bunaíodh an ráiteas straitéise ar shainordú an Choimisiúin mar a leagtar amach é san Acht fán gCoimisiún, 2014, agus Prionsabail Pháras de chuid na Náisiún Aontaithe mar bhonn agus taca aige, ina leagtar amach na caighdeáin idirnáisiúnta d'institiúidí náisiúnta um chearta an duine. Chuir comhairliúchán poiblí ar tugadh faoi in 2015 bonn eolais faoin ráiteas straitéise freisin agus ainmníodh an comhairliúchán ag Gradaim Barr Feabhais na Státseirbhíse, 2016, sa chatagóir Barr Feabhais i mBeartas. Bunaíodh caighdeán nua sa chomhairliúchán céanna le haghaidh oscailteachta agus rannpháirtíochta maidir leis an gcaoi a mbíonn comhlachtaí poiblí i dteagmháil agus ag plé leis an bpobal – caighdeáin ar lean an Coimisiún ar aghaidh ag cur i bhfeidhm ar an obair fhairsing chomhairliúcháin ar thug sé fúithi in 2016.

Agus muid dár dtreorú ag ár misean cur le hÉirinn chuimsitheach ina léirítear meas ar chearta an duine agus ar an gcomhionannas, ina gcuirtear chun cinn iad agus ina mbaintear amach iad do gach duine, i ngach áit, chomhaontaigh an Coimisiún sraith príomhspriocanna straitéiseacha chun ár gcuid oibre a threorú as seo go ceann trí bliana.

Is iad sin:

- Ár gcumhachtaí dlíthiúla, an dualgas poiblí go háirithe, a chur i bhfeidhm go réamhghníomhach
- Tuiscint ar dhoroinnteacht an chomhionannais agus chearta an duine a chur chun cinn
- Comhionannas agus cearta an duine a chur i gcrích
- Éagsúlacht agus tuiscint idirchultúrtha

Bhí an cúigiú sprioc leathan mar bhonn agus taca ag na ceithre sprioc sin – is é sin sprioc na ceannaireachta. Chun sprioc na ceannaireachta a chomhlíonadh, tiomnaítear sa ráiteas straitéise go mbeidh an Coimisiún láidir, réamhghníomhach, dúshlánach agus údarásach san obair a dhéanann sé.

Sna ranna seo a leanas, tuairiscíonn an Coimisiún ar na gníomhaíochtaí ar thug sé fúthu faoi spriocanna an ráitis straitéise. Tá sprioc uileghabhálach na ceannaireachta ag croílár na ngníomhaíochtaí uile.

Comhlíonfar sprioc na ceannaireachta ní amháin tríd an obair a dhéanann an Coimisiún, ach níos forleithne freisin, trí chur ar chumas daoine eile ar fud na sochaí sibhialta agus an tsaoil acadúil cearta an duine

agus comhionannas a chur chun cinn. Mar aitheantas air sin, in 2016 dháil an Coimisiún €250,000 i maoiniú deontas d'eagraíochtaí chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí chun cearta an duine agus comhionannas a chur chun cinn.

Fuarthas beagnach 300 iarratas ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta, agus astu sin, bronnadh deontas idir €4,000 agus €20,000 ar 25 eagraíocht, faoi na téamaí 'Comhoibriú agus Scaipeadh', 'Tógáil Inniúlachta' agus 'Cur i bhFeidhm Tionscadal'.

Ó thús deireadh na Tuarascála Bliantúla seo, i dteannta aird a tharraingt ar ár n obair féin chun ár spriocanna straitéiseacha a chomhlíonadh, tugaimid sonraí faoi na 25 thionscadal ilghnéitheacha sin agus an méid a chuir siad le cearta an duine agus comhionannas in 2016.

# ÁR gCUMHACHTAÍ DLÍTHIÚLA, DUALGAS NA hEARNÁLA POIBLÍ GO HÁIRITHE, A CHUR I BHFEIDHM GO RÉAMH-GHNÍOMHACH

**SA CHUID SEO:**


Cultúr chearta an duine agus comhionannais a leabú san earnáil phoiblí trí Alt 42 den Acht fán gCoimisiún, 2014 (Dualgas na hEarnála Poiblí) ..... 14

Ár gcumhachtaí dlí a chur i bhfeidhm ..... 15

Monatóireacht ar chonarthaí chearta an duine agus comhionannais sna Náisiúin Aontaithe, san Aontas Eorpach agus i gComhairle na hEorpa ..... 18

Rannpháirtíocht straitéiseach sa phróiseas reachtaíochta ..... 22

Cur le comhairliúcháin náisiúnta, forbairt beartas agus cur i bhfeidhm straitéisí ..... 22

Tionscadail ábhartha na sochaí sibhialta a dtacaítear leo faoi scéim deontas chearta an duine agus comhionannais, 2016 ..... 23


***'Athrú intomhaiste ar chleachtas iad siúd ar a bhfuil na príomhdhualgais de bharr a bhfeasachta ar dhlí agus ar dhea chleachtas chearta an duine agus an chomhionannais'***

IHREC Ráiteas Straitéise 2016-2018

Tá an sprioc straitéiseach seo dírithe ar na cumhachtaí dlíthiúla a chumhdaítear inár reachtaíocht bhunaithe, an tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 (an tAcht fán gCoimisiún, 2014) a chur i bhfeidhm go réamhghníomhach. Dírítear ár ngníomhaíocht faoin sprioc seo ar na struchtúir a sheachadann cearta an duine agus comhionannas sa stát: sna cúirteanna; i bhforbairt reachtaíochta san Oireachtas; ceapadh agus cur i bhfeidhm beartas agus caighdeán i ranna rialtais; agus feidhmiú comhlachtaí san earnáil phoiblí. Dírítear freisin ar na hoibleagáidí idirnáisiúnta i leith chearta an duine agus comhionannais atá ag an stát, agus ar chur i bhfeidhm agus ar mhonatóireacht chomhlíonadh conarthaí idirnáisiúnta.

## Cultúr chearta an duine agus comhionannais a leabú san earnáil phoiblí trí Alt 42 den Acht fán gCoimisiún, 2014 (Dualgas na hEarnála Poiblí)

Leagtar dualgas dearfach in Alt 42 den Acht fán gCoimisiún, 2014 ar chomhlachtaí na hearnála poiblí aird a bheith acu ar an ngá le hidirdhealú a dhíbirt, comhionannas a chur chun cinn, agus cearta an duine a chosaint ina n obair laethúil. Faoin alt céanna den Acht, féadfaidh an Coimisiún treoir a thabhairt do chomhlachtaí na hearnála poiblí chun iad a spreagadh le beartais, dea chleachtas agus caighdeáin oibríochta a fhorbairt chun a n oibleagáidí faoin dualgas a chomhlíonadh.

In 2016, bhunaigh an Coimisiún chun tús a chur le clár cuimsitheach rannpháirtíochta le comhlachtaí poiblí chun feasacht a mhéadú ar an dualgas agus chun inniúlachtaí a thógáil maidir le cúrsaí chearta an duine agus an chomhionannais a leabú ina bhfeidhmeanna, ina mbeartais agus ina gcleachtais.

Mar chuid den rannpháirtíocht sin, i mí Lúnasa 2016, scríobh An Príomh-Choimisinéir chuig Ard Rúnaithe Ranna an Rialtais Láir ar fad chun a n oibleagáidí a mheabhrú dóibh maidir le cúrsaí chearta an duine agus an chomhionannais a bhreithniú le linn a Ráitis Straitéise a ullmhú. D'oibrigh an Coimisiún ansin le roinnt oifigigh ardbhainistíochta agus foirne ar fud na státseirbhíse chomh maith le labhairt le comhaltaí foirne in ollscoileanna agus in Institiúidí Teicneolaíochta, Boird Oideachais agus Oiliúna, údaráis áitiúla, údaráis rialaithe agus sna hearnálacha iompair agus sláinte.

D'fhoilsigh an Coimisiún cáipéis treorach céim ar chéim freisin chun cabhrú le comhlachtaí poiblí an dualgas a chur i bhfeidhm. Tugtar breac chuntas sa cháipéis treorach, a scaipeadh go forleathan agus a cuireadh ar fáil ar líne, ar na príomhchéimeanna a bhaineann le Dualgas na hEarnála Poiblí a chomhlíonadh, lena n áirítear pleanáil straitéiseach, oiliúint agus tógáil inniúlachta, pleanáil gnímh agus bailiú sonraí.

Ag tógáil ar an gcáipéis treorach sin, bhunaigh an Coimisiún comhpháirtíochtaí comhoibritheacha le réimse forleathan comhlachtaí poiblí chun suíomhanna píolótacha a fhorbairt chun an dualgas a chur i bhfeidhm agus chun treoir bhreise a thástáil agus a fhorbairt. I gcomhar leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil, chuir an Coimisiún tús le hobair le húdarás áitiúil tuaithe amháin agus le húdarás áitiúil uirbeach amháin a fheidhmeoidh mar shuíomhanna píolótacha chun an treoir a thástáil agus dea chleachtais i suíomh an údaráis áitiúil a shainaithint. Mar chuid de Sheachtain Chomhionannais na hOllscoile, d'éirigh Coláiste na hOllscoile, Corcaigh páirteach mar shuíomh píolótach chun an chaoi is fearr le Dualgas na hEarnála Poiblí a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs institiúidí ardoideachais a fhiosrú.

D'fhiosraigh an Coimisiún freisin bealaí níos nuálaí chun Dualgas na hEarnála Poiblí a chur i bhfeidhm mar bhealach le himpleachtaí chearta an duine agus an chomhionannais ar sholáthar na seirbhíse poiblí a chíoradh. Mar fhreagairt ar shaincheist a sainaithníodh i rith chomhairliúcháin an Choimisiúin ar a ráiteas straitéise in 2015, thosaigh an fhoireann ag obair le Community Action Network ar thionscadal a úsáideann cur chuige Dhualgas na hEarnála Poiblí i leith chúrsaí chearta an duine agus an chomhionannais a bhaineann leis na daoine a úsáideann seirbhísí cóireála óipiamóideach a shainaithint agus dul i ngleic leis na cúrsaí sin. Go dtí seo, áiríodh sa tionscadal taighde faoi stiúir úsáideoirí, agus sraith imeachtaí comhrá a thug le chéile úsáideoirí na seirbhíse, ionadaithe na seirbhísí cóireála drugaí, oifigigh ón Roinn Sláinte agus ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, agus an tAire Stáit um Phobail agus an Straitéis Náisiúnta Drugaí Catherine Byrne TD.

## Ár gcumhachtaí dlí a chur i bhfeidhm

Áirítear le cumhachtaí dlí an Choimisiúin, mar a leagtar amach san Acht fán gCoimisiún, 2014, comhairle a sholáthar agus le tabhairt faoi dhlíthíocht faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2015, na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000–2015, an tAcht fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine 2003 agus 2014, agus níos ginearálta, le cearta an duine agus comhionannas a chosaint agus a chur chun cinn faoi dhlí bunreachtúil agus idirnáisiúnta chearta an duine. Pléadálann foireann dlí an Choimisiúin thar ceann an Choimisiúin os comhair binsí reachtúla agus na gcúirteanna intíre, agus féadfaidh siad idirghabháil a dhéanamh in imeachtaí os comhair cúirteanna idirnáisiúnta.

### *Pléadáil mar **amicus curiae** (cara na cúirte)*

Trína fheidhm *amicus curiae*, féadfaidh an Coimisiún iarratas a dhéanamh ar chead pléadáil in imeachtaí dlí os comhair Uaschúirteanna na hÉireann, nuair a bhaineann cúrsaí chearta an duine agus an chomhionannais leis na himeachtaí.

In 2016 rinne an Coimisiún iarratas leis na hUaschúirteanna idirghabháil a dhéanamh mar *amicus curiae* i seacht n imeacht. Tugadh cead dó sin a dhéanamh i gcúig chás agus diúltaíodh dó sa dá chás eile (agus rinneadh achomharc faoi cheann díobh siúd leis an gCúirt Achomhairc ag deireadh 2016). Bhí dhá chás fós ar bun in 2016 inar tugadh cead don Choimisiún idirghabháil a dhéanamh mar *amicus curiae*.

Baineann na cásanna sin le cúrsaí tábhachtacha chearta an duine agus an chomhionannais, lena n áirítear leigheasanna príobháideachas sonraí, cearta príosúnach, cearta leanaí, cearta lucht iarrtha tearmainn agus náisiúnach nach as an Aontas Eorpach dóibh chun cónaí/oibriú in Éirinn agus gearáin a dhéanamh de bhun na nAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2015.

### An ceart gearán idirdhealaithe a dhéanamh go comhuaineach

**Cás:** ***Culkin v Chomhairle Contae Shligigh***

Bhain na himeachtaí seo le breithniú ar an féidir le duine aonair gearán idirdhealaithe a dhéanamh os comhair an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre, agus éileamh ar dhíobhálacha pearsanta roimh na cúirteanna, ag an am céanna, nuair a mhaítear go n eascraíonn an dá éileamh ón tacar céanna fíricí.

**Toradh:**
Tá an cás le héisteacht ag an gCúirt Achomhairc an 9 Márta 2017.

### Dualgas cúiseanna a thabhairt le haghaidh cinntí riaracháin agus an ceart chun trialach cothroime

**Cás:** ***Marques v an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus an tArd Aighne v Marques***

Sna himeachtaí seo, rinne saoránach Éireannach agóid i gcoinne a eiseachadta bheartaithe chuig Stáit Aontaithe Mheiriceá mar gheall ar chúisimh ar chionta tromchúiseacha coiriúla, agus é ag maíomh go bhféadfadh go sárófaí a chearta bunreachta agus a chearta faoi CECD ar bhealaí éagsúla.

Chuir an Coimisiún cúnamh ar fáil don Chúirt ina chumas mar *amicus curiae*, ag plé an chleachtais i Stáit Aontaithe Mheiriceá ina gcuirtear nithe eile seachas iad siúd a gciontaítear an duine astu san áireamh nuair atá pianbhreith á gearradh; agus an bhfuil dualgas ar an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí cúiseanna a thabhairt faoina cinneadh gan an dlí a chur ar an Iarratasóir.

**Toradh:**
Dhearbhaigh an Chúirt Achomhairc cinneadh na hArd Chúirte an t eiseachadadh go dtí Stáit Aontaithe Mheiriceá a ordú. Chinn an Chúirt freisin nach raibh aon dualgas ar an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí cúiseanna a thabhairt dá chinneadh gan an dlí a chur ar an Uasal Marques sa dlínse seo. Cuireadh siar an t eiseachadadh ar feitheamh iarratais ar chead a lorg na cinntí sin a achomharc sa Chúirt Uachtarach.

## An ceart chun saol teaghlaigh agus saol príobháideach faoin mBunreacht agus CECD i gcinntí imirce áirithe

**Cás:** ***Luximon v an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Balchand v an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais***

Bhain na cásanna seo, inar phléadáil an Coimisiún mar *amicus curiae*, le dhá theaghlach as Oileán Mhuirís a tháinig go dtí an Stát tráth nár theastaigh víosa uathu, agus ar tugadh cead dóibh ina dhiaidh sin fanacht sa Stát. Diúltaíodh a n iarratais ina dhiaidh sin chun a gcead cónaithe a athrú agus d'áitigh siad gur cheart don Aire aird a thabhairt ar a gcearta pearsanta, príobháideacha agus teaghlaigh faoin mBunreacht agus faoi CECD nuair a bhí a n iarratais á gcinneadh. D'éirigh le himeachtaí ar leithligh san Ard Chúirt ag déanamh agóide i gcoinne chinntí an Aire i gcás Luximon ach níor éirigh leo i gcás Balchand. Rinneadh achomharc sa dá chás leis an gCúirt Achomhairc agus tugadh le chéile iad ina dhiaidh sin.

**Toradh:**
Dhearbhaigh an Chúirt Achomhairc gur gá don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, nuair a bhí cinneadh á dhéanamh faoi chead na n iarratasóirí chun bheith sa Stát a athnuachan, a gceart chun saol príobháideach agus teaghlaigh a bhreith faoin mBunreacht agus faoin gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

## Ceart iarratasóra ar stádas dídeanaí chun oibre

**Cás:** ***NHV v an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais***

Tugadh cead don Choimisiún pléadáil mar *amicus curiae* sna himeachtaí seo, a thug fear a bhí ina chónaí i soláthar díreach ar feadh roinnt blianta agus ar dhiúltaigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais cead oibre dó, de bhun alt 9(4)(b) d'Acht na nDídeanaithe, 1996 ina bhforáiltear nach lorgóidh ná nach nglacfaidh iarratasóir ar stádas dídeanaí le fostaíocht sula gcinntear a iarratas nó a hiarratas. Nuair nár éirigh le himeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh san Ard Chúirt agus sa Chúirt Achomhairc, rinne an fear lena mbaineann achomharc leis an gCúirt Uachtarach ag iarraidh dearbhú más é éifeacht alt 9(4)(b) cosc a chur ar an Aire cead a thabhairt dó glacadh le fostaíocht, go bhfuil an t alt sin aimhréireach d'fhorálacha ábhartha an Bhunreachta agus an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine.

**Toradh:**
Liostáladh an cás le héisteacht an 24 Eanáir 2017.

## Dualgas cúiseanna a thabhairt le haghaidh cinntí riaracháin

**Cás:** ***An tArd Aighne v Damache agus Damache v an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí***

Tá an Coimisiún ag plé leis an gcás seo ó 2016 i leith agus ceist faoi an mbeadh eiseachadadh an Uasail Damache chuig Stáit Aontaithe Mheiriceá mar gheall ar chionta a bhaineann le cúrsaí sceimhlitheoireachta ag sárú a cheart faoin mBunreacht agus faoi CECD.

**Toradh:**
Dhiúltaigh an Ard Chúirt d'fhilleadh an Uasail Damache ar chúinsí bunreachtúla. Rinne an Stát achomharc i gcoinne chinneadh na hArd Chúirte. Níor socraíodh dáta éisteachta fós.

## Cearta príobháideachais

**Cás:** ***Digital Rights Ireland v an Aire Cumarsáide agus daoine eile***

Tarraingíonn an cás seo anuas ceisteanna maidir le raon feidhme Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an 'Chairt') agus maidir le dlí eolaíocht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar chearta príobháideachais, raon feidhme substainteach phrionsabal na comhréireachta agus an gaol idir an Chairt, an Bunreacht agus CECD.

**Toradh:**
Tá na himeachtaí seo le héisteacht mar thairiscint i mí an Mheithimh 2017.

Diúltaíodh cead don Choimisiún idirghabháil mar *amicus curiae* sa dá chás seo a leanas:

## *Cearta príobháideachais*

**Cás: *An Coimisinéir Cosanta Sonraí v Facebook Ireland Limited agus Maximillian Schrems (Ard Chúirt [Tráchtáil])***

Lóisteáil an tUasal Schrems gearán leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí ag déanamh agóide i gcoinne dlíthiúlacht clásal conarthach speisialta ina n aistrítear sonraí idir Facebook Ireland Limited agus a mháthairchuideachta, Facebook Inc. Deir dlí an Aontais Eorpaigh go dtairgtear dóthain cosanta le clásail chonarthacha speisialta dá leithéid maidir le cosaint príobháideachais nuair atá sonraí pearsanta á n aistriú amach as an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Chinn an Coimisinéir Cosanta Sonraí nach féidir léi a fiosrúchán ar ghearán an Uasail Schrems a chur i gcrích gan iarraidh ar an Ard Chúirt ar dtús ceisteanna áirithe a bhaineann le bailíocht reachtaíocht an Aontais Eorpaigh a fhorálann do chlásail chonarthacha speisialta a tharchur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

**Toradh an iarratais:**
Bhí an Coimisiún ar cheann de naoi bpáirtí a d'iarr cead ar an Ard Chúirt pléadáil mar *amicus curiae* sa chás. An 19 Iúil 2016 diúltaíodh cead do chúig iarratasóir, an Coimisiún ina measc, agus tugadh cead do cheithre pháirtí eile pléadáil mar *amicus curiae* sa chás.

## *Cearta an duine i gcás leanaí faoi choinneáil*

**Cás: *X v Stiúrthóir Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh agus Eile***

Baineann an cás seo le himeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh a thosaigh ceathrar leanaí faoi choinneáil i gCampas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh maidir lena ndálaí coinneála. Maítear, i measc rudaí eile, gur coinníodh faoi ghaibhniú aonair iad i ndiaidh eachtra ar an gcampas agus gur sáraíodh a gcearta bunreachtúla agus daonna dá bharr. D'iarr an Coimisiún cead ar an Ard Chúirt pléadáil mar *amicus curiae* sna himeachtaí.

**Toradh an iarratais**
Dhiúltaigh an Ard Chúirt iarratas an Choimisiúin an 21 Nollaig 2016. Thug an Coimisiún Fógra Achomhairc i gcoinne bhreithiúnas agus orduithe na hArd Chúirte don Chúirt Achomhairc an 23 Nollaig 2016, agus d'iarr sé dáta éisteachta práinneach agus luath dá achomharc i bhfianaise go raibh na ceithre chás athbhreithnithe bhreithiúnaigh le héisteacht an 17 Eanáir 2017.

## *Gníomhaíochtaí dlí eile*

In 2016, rinne an Coimisiún cinntí maidir le naoi n iarratas chun tabhairt faoi fhiosrúchán faoi alt 35 den Acht. Níor bhain formhór na n iarratas amach an tairseach d'idirghabháil Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas mar a leagtar amach in alt 35 de reachtaíocht an Choimisiúin. Níor tugadh faoi aon fhiosrúchán in 2016.

Tharchuir an Coimisiún dhá ghearán faoi fhógraíocht idirdhealaithe chuig Stiúrthóir an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre (ar fhorais cúnamh tithíochta, teaghlaigh agus aoise) in aghaidh dhá chuideachta. Tá na cásanna sin ar feitheamh roimh an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre.

Cuireadh an Coimisiún ar an eolas faoi 21 imeacht inar iarradh dearbhuithe ar neamhréireacht le halt 6 d'Acht CECD 2003 agus 2014.

I rith 2016 críochnaíodh ceithre thacar imeachtaí dlí ina raibh an Coimisiún ag soláthar ionadaíocht dhlíthiúil do dhaoine aonair. Tugtar níos mó sonraí fúthu siúd sa chuid dar teideal "Comhionannas agus cearta an duine a chur i gcrích" sa tuarascáil seo, i dteannta tuilleadh sonraí faoi chásobair cúnamh dlí an Choimisiúin in 2016.

## Monatóireacht ar chearta an duine agus comhionannais sna Náisiúin Aontaithe, san Aontas Eorpach agus i gComhairle na hEorpa

In 2016, bhí an Coimisiún rannpháirteach go gníomhach i gcéimeanna éagsúla de mhonatóireacht idirnáisiúnta ag leibhéal na Náisiún Aontaithe, an Aontais Eorpaigh agus Chomhairle na hEorpa, ag tuairisciú ar oibleagáidí an Stáit faoi chonarthaí idirnáisiúnta agus ionstraimí réigiúnacha éagsúla. Mar Institiúid Náisiúnta na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhlacht Náisiúnta Comhionannais na hÉireann, tá freagracht ar an gCoimisiún anailís neamhspleách a sheachadadh ar an gcaoi a bhfuil an Stát ag comhlíonadh a oibleagáidí idirnáisiúnta. Tá a chreidiúnú de stádas "A" ón **gComhaontas Domhanda d'Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine (GANHRI)** riachtanach do ról an Choimisiúin go hidirnáisiúnta, a chinntíonn cearta sonracha tuairiscithe agus cainte sa Chomhairle um Chearta an Duine agus ag fóraim idirnáisiúnta eile.

### *Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh*

Scrúdaíodh teist na hÉireann faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh ag éisteacht in Palais des Nations na Náisiún Aontaithe sa Ghinéiv an 14 Eanáir 2016. Roimh an éisteacht, chuir Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas isteach a thuarascáil neamhspleách ar theist na hÉireann faoin gCoinbhinsiún.

Ag an éisteacht, thug an An Príomh-Choimisinéir breac chuntas ar mheasúnú neamhspleách an Choimisiúin ar chomhlíonadh na hÉireann.

Bhí an chosúlacht idir na **'Breathnuithe Deiridh ar Éirinn' ón gCoiste** agus measúnú an Choimisiúin féin ar theist na hÉireann faoin gCoinbhinsiún. Áiríodh leis sin an gá atá ann go nglacfadh an stát le próisis bhuiséid agus soláthair bunaithe ar chearta an duine; tiomantas níos leithne agus níos doimhne ón stát don neamh idirdhealú; agus tiomantas dul i ngleic ar bhealach níos iomlánaíche le dúshláin na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta inár sochaí, agus a dtionchair ar leanaí.

### *Athbhreithniú Tréimhsiúil Uilechoiteann na Náisiún Aontaithe*

Is próiseas piarmheasúnaithe é an tAthbhreithniú Tréimhsiúil Uilechoiteann (ATU) lena mbaineann athbhreithniú ar theist chearta an duine i ngach Ballstát de na Náisiúin Aontaithe, athbhreithniú a dhéanann na Ballstáit. Tugtar faoi ATU faoi choimirce na **Comhairle um Chearta an Duine**. Tugann sé deis do gach Stát tuairisciú ar ghníomhartha a rinne siad chun cúrsaí chearta an duine a fheabhsú ina dtír agus chun a n oibleagáidí i leith chearta an duine a chomhlíonadh.

Ghlac an Coimisiún páirt sa dara scrúdú ATU ar Éirinn i mí na Bealtaine 2016, i ndiaidh tuarascáil neamhspleách a thabhairt don Chomhairle um Chearta an Duine ar dhul chun cinn na hÉireann níos luaithe in 2015. Bhí 36 mholadh i dtuarascáil an Choimisiúin a d'eascair as ár n obair fhorleathan chun dul chun cinn Rialtas na hÉireann a thomhas maidir leis na moltaí ar glacadh leo sa timthriall ATU roimhe sin in 2011 a chur chun cinn. Bhí comhairliúchán poiblí lárnach do thuarascáil an Choimisiúin, agus thug an Coimisiún faoi shraith comhairliúcháin réigiúnacha faoi chearta an duine ar fud na tíre, lena n áirítear comhdháil i mBaile Átha Cliath a eagraíodh i gcomhar leis an gComhairle um Chearta an Duine in 2015. Chuimsigh an aighneacht raon téamaí faoi chearta an duine, lena n áirítear oibleagáidí idirnáisiúnta na hÉireann, leasú bunreachtúil, agus bonneagar chearta an duine agus comhionannais.




*An Príomh-Choimisinéir Emily Logan, Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, Catalina Devandas Aguilar agus Finian McGrath T.D., an tAire Stáit le freagracht speisialta as Saincheisteanna Míchumais ag seoladh tuarascála ar Chreat Monatóireachta a Bhunú do UNCRPD*




*Comhaltaí foirne an Choimisiúin Ruth Gallagher agus Siobhán McNamara leis an bPríomh-Choimisinéir Emily Logan ag an gComhairle um Chearta an Duine de chuid na Náisiún Aontaithe le haghaidh an dara scrúdú ar Éirinn faoin Athbhreithniú Tréimhsiúil Uilechoiteann*




*Palais des Nations, Foirgnimh na Náisiún Aontaithe, an Ghinéiv*

### *Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le gach cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú*

Roimh scrúdú 2017 ar Éirinn faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le gach cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú (CEDAW), i samhradh 2016 chuir an Coimisiún tús le próiseas cuimsitheach sé mhí a bhain le comhairliúchán náisiúnta ar chearta na mban. Bhí an comhairliúchán sin le bonn eolais a chur faoi thuarascáil bheartaithe na Choimisiúin in 2017 le haghaidh **Choiste CEDAW** na Náisiún Aontaithe, chomh maith le deis a chruthú ar fud na tíre le haghaidh rannpháirtíochta, plé agus foghlama faoi chomhionannas inscne agus cearta an duine in Éirinn. Tá níos mó sonraí faoi chomhairliúchán CEDAW an Choimisiúin sa chuid dar teideal "Comhionannas agus cearta an duine a chur i gcrích" sa tuarascáil seo.

### *An Grúpa Saineolaithe um Ghníomhaíocht i gcoinne Gáinneála ar Dhaoine (GRETA) de chuid Chomhairle na hEorpa*

I mí na Nollag 2016, chuir an Coimisiún le hobair an **Ghrúpa Saineolaithe um Ghníomhaíocht i gcoinne Gáinneála ar Dhaoine (GRETA)** de chuid Chomhairle na hEorpa roimh an Dara Babhta Meastóireachta ar Éirinn. Inár n aighneacht mhionsonraithe do rapóirtéirí Chomhairle na hEorpa, tharraing an Coimisiúin anuas príomhábhair imní faoin gcaoi a sainaithnítear íobartaigh gáinneála, a gcosnaítear iad agus a dtacaítear leo. Bhuail an Coimisiún le toscaireacht GRETA freisin i mBaile Átha Cliath chun na príomhábhair imní a phlé.

### *Dréacht Cholún Eorpach um Chearta Sóisialta de chuid an Choimisiúin Eorpaigh*

Rinne an Coimisiún aighneacht faoi chomhairliúchán mór a rinne an Coimisiún Eorpach in 2016 faoin dréacht Cholún Eorpach um Chearta Sóisialta. Tugtar breac chuntas sa Cholún um Chearta Sóisialta ar chaighdeáin neamhcheangailteacha bheartaithe an Aontais Eorpaigh i bhfiche fearann beartais shóisialta. Ba iad príomh mholtaí an Choimisiúin go gcinnteodh an Coimisiún Eorpach go dtabharfaí faoi mheasúnú príomhshruthaithe comhionannais ar gach ceann de na caighdeáin bheartaithe agus go léireofaí sa dréacht leasaithe den Cholún Eorpach um Chearta Sóisialta an chaoi a léiríonn gach prionsabal ceangaltais dhlí chearta an duine san Eoraip. Mhol an Coimisiún freisin go neartófaí an Colún um Chearta Sóisialta trí na céimeanna a thógfar chun dlí an Aontais Eorpaigh ar chearta sóisialta a leasú a leagan amach.

### *Coimisinéir Chomhairle na hEorpa um Chearta an Duine*

In 2016, d'óstáil an Coimisiún cuairt ó Choimisinéir Chomhairle na hEorpa um Chearta an Duine, Nils Muižnieks, mar chuid dá chuairt mhonatóireachta ar Éirinn. Bhí aitheantas an stáit d'eitneacht Lucht Siúil ar an gceist ba thábhachtaí a tarraingíodh anuas faoi chúrsaí chearta an duine agus an chomhionannais i rith a chuairte.

### *Coiste Airí Chomhairle na hEorpa in O'Keeffe v na hÉireann – Aighneacht Riail 9*

In O'Keeffe v Ireland (Uimh. Iarratais 35810/09), chinn Dlísheomra Mór na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine gur sháraigh Éire Airteagail 3 agus 13 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, toisc gur mhainnigh sí creat leordhóthanach dlí a chur i bhfeidhm chun leanaí sa chóras scoileanna náisiúnta a chosaint ó mhí úsáid ghnéasach.

I mí Dheireadh Fómhair 2016, chuir an Coimisiún aighneachtaí scríofa chuig Coiste Airí Chomhairle na hEorpa maidir le breithiúnas na Cúirt Eorpaí a chur i ngníomh. Sna haighneachtaí sin, d'iarr sé go n úsáidfeadh an Coiste a chumhacht chun cás O'Keeffe a chur ar ais chuig an Dlísheomra Mór de bhun Airteagal 46(3) den Choinbhinsiún ar an mbunús go raibh fadhb léirmhínithe ag cur bac ar a bhreithiúnas a chur i ngníomh.

### *An Treoir maidir le Saorghluaiseacht Oibrithe*

Foráiltear in alt 10(2)(i) den Acht fán gCoimisiún, 2014 go n ainmneofaí an Coimisiún mar an comhlacht chun críche Threoir 2014/54/AE ar bhearta a éascaíonn cur i ngníomh na gceart a bhronntar ar oibrithe i gcomhthéacs

saorghluaiseacht oibrithe. Chuir an Coimisiún faisnéis ar fáil d'oibrithe an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch agus dá dteaghlaigh maidir lena gcearta daonna agus comhionannais de réir na Treorach. Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha lena n áirítear ionadaithe ó EURES, Tairseach an Choimisiúin Eorpaigh um Shoghluaisteacht ó Phost go Chéile, agus an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh, agus ghlac sé páirt i soláthar oiliúna d'ionadaithe ón earnáil phoiblí, ón Aontas Eorpach agus ó eagraíochtaí neamhrialtasacha i mí na Bealtaine 2016.

### *Daingniú, cur i bhfeidhm agus monatóireacht conarthaí idirnáisiúnta*


Tá ról ag an gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm conarthaí idirnáisiúnta ar chearta an duine dá bhfuil an stát tiomanta a chur chun cinn. Tá na caighdeán sin a bhaint amach i saol laethúil na hÉireann ina dhlúthchuid dár misean chun sochaí chothrom agus chuimsitheach a thógáil a chosnaíonn cearta an duine agus an comhionannas in Éirinn agus a chuireann chun cinn iad.

### *Creat monatóireachta a bhunú do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas*

Shínigh Éire Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas in 2007, ach níor dhaingnigh sí fós é – an t aon Bhallstát san Aontas Eorpach nár dhaingnigh é.

Tá an Coimisiún ag éileamh dhaingniú an Choinbhinsiúin go seasmhach, ag féachaint do na caighdeáin a leagtar amach ann a bhaint amach de réir a chéile. In 2016, bhí an Coimisiún páirteach in obair mhionsonraithe chun measúnú a dhéanamh ar an méid a d'éileodh an daingniú sin ar an stát i bhfianaise na n oibleagáidí atá in Airteagal 33 den Choinbhinsiún. Faoi Airteagal 33, caithfear creat monatóireachta neamhspleách a bhunú chun mionscrúdú a dhéanamh ar dhul chun cinn an Stáit in oibleagáidí an Choinbhinsiúin a chur i bhfeidhm chun cearta daonna daoine faoi mhíchumas a chosaint, chun meas a léiriú orthu agus chun iad a chaomhnú.

I mí na Bealtaine 2016, sheol an Coimisiún tuarascáil taighde ar Chreat Monatóireachta a Bhunú faoi Airteagal 33 den Choinbhinsiún. Thug an tIonad um Dhlí agus Beartas Míchumais in OÉ, Gaillimh faoin tuarascáil, agus sheol Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, Catalina Devandas Aguilar, í. Ba é príomh mholadh na tuarascála go gcaithfeadh daoine faoi mhíchumas agus a n eagraíochtaí a bheith páirteach i ngach gné den phróiseas monatóireachta. Moladh freisin go gcomhainmneofaí an Coimisiún – ina cháil mar institiúid náisiúnta um chearta an duine ag a bhfuil stádas "A" – mar an sásra monatóireachta neamhspleách le coiste comhairleach ina mbeadh grúpa éagsúil daoine a bhfuil taithí acu ar mhíchumas.




Léiríodh roinnt de na príomh mholtaí sa tuarascáil sa dréacht Bhille um Chomhionannas / Míchumas (Forálacha Ilghnéitheacha), 2016, ar thug an Coimisiún breathnuithe mionsonraithe ina leith i mí na Nollag 2016.

### *Daingniú agus cur i bhfeidhm an Phrótacail Roghnaigh a ghabhann le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne Céasadh a chur chun cinn*

Shínigh Éire an Prótacal Roghnach a ghabhann le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne Céasadh a chur chun cinn an 2 Deireadh Fómhair 2007 ach níor dhaingnigh sí fós é. Faoin bPrótacal Roghnach, éilítear ar Bhallstáit Sásraí Coiscthеacha Náisiúnta a bhunú ag leibhéal na tíre chun monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar áiteanna ina mbíonn cailleadh saoirse chun céasadh agus drochphionós eile a chosc.

In 2016, choimisiúnaíomar taighde chun moltaí

bunaithe ar fhianaise a thabhairt maidir le hainmniú Shásra Coisctheach Náisiúnta na hÉireann. Tabharfaidh an tOllamh Rachel Murray agus an Dochtúir Eline Steinerte ó Lárionad Chur i bhFeidhm Chearta an Duine i Scoil Dlí Ollscoil Bristol sa Ríocht Aontaithe faoin taighde, a sholáthróidh faisnéis riachtanach chun cabhrú le hullmhú an Stáit chun OPCAT a dhaingniú agus a chur i bhfeidhm, agus cuirfidh sé bonn eolais faoi anailís an Choimisiúin féin ar an gcur chuige is fearr i leith Sásra Coisctheach Náisiúnta a ainmniú in Éirinn.

## Rannpháirtíocht straitéiseach sa phróiseas reachtaíochta

Tá sainordú reachtúil ag an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar aon tograí reachtúla agus tuairisc a thabhairt ar a dhearcthaí maidir le haon impleachtaí do chearta an duine nó comhionannas in Éirinn. Thug an Coimisiún breathnuithe agus rinne sé idirghabháil ar chúpla píosa de dhréachtreachtaíocht, agus rinne sé monatóireacht ar dhul chun cinn billí ina dhiaidh sin tríd an Oireachtas (parlaimint).

I mí na Samhna 2016, d'fhoilsigh an Coimisiún a bhreathnuithe ar **an mBille Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna), 2016**, ag leagan béime ar an tábhacht a bhaineann le fáil ar an gcóras oideachais a éascú ar bhealach a léiríonn meas ar éagsúlacht agus a fhreastalaíonn uirthi. Ag tógáil ar aighneacht *amicus curiae* an Choimisiúin sa Chúirt Uachtarach i gcás ríthábhachtach Stokes, rinne an Coimisiún breathnuithe faoin ngá atá lena chinntiú má úsáideann scoileanna critéir reatha ina dtugtar tús áite do leanaí bunaithe ar a naisc nach n eisiatar leanaí Lucht Siúil, imirceach agus daoine faoi mhíchumas. Mhol an Coimisiún freisin gur cheart an tAcht um Stádas Comhionann a leasú chun éifeacht a thabhairt don phrionsabal nár cheart tús áite a thabhairt do leanbh ar bith i scoil a mhaoinítear go poiblí ar bhunús a reiligiúin.

An lá roimh Lá Idirnáisiúnta na nDaoine faoi Mhíchumas Dé Sathairn, an 3 Nollaig, d'fhoilsigh an Coimisiún a bhreathnuithe ar **an mBille um Chomhionannas / Míchumas (Forálacha Ilghnéitheacha).** Dhírigh ár moltaí ar fhorálacha sa Bhille a cheadódh daingniú Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas. Leagadh béim i mbreathnuithe an Choimisiúin ar an gcaoi a gcaithfidh rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas a bheith i lár chur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin sa Stát. Ba dheis iad na breathnuithe freisin chun moltaí a dhéanamh maidir le dí institiúidiú, fáil ar vótáil agus seirbhís ghiúiré.

I rith 2016, bhí an Coimisiún ag plé le comhaltaí Oireachtais freisin ar **an mBille um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2015**. Leagadh béim inár moltaí ar impleachtaí chearta an duine agus comhionannais na bhforálacha a bhaineann le gníomhartha gnéis le daoine cosanta agus seirbhísí gnéis a cheannach.

## Cur le comhairliúcháin náisiúnta, forbairt beartas agus cur i bhfeidhm straitéisí

Lean an Coimisiún ar aghaidh lena rannpháirtíocht ghníomhach leis an Oireachtas agus leis an gComhchoiste um Dhlí agus Ceart agus Comhionannas agus ghlac sé páirt i gcomhairliúcháin ar chúrsaí beartais intíre ar nós na Straitéise don Earnáil Cíosa, Chód Eitice an Údaráis Póilíneachta don Gharda Síochána agus na Straitéise Náisiúnta maidir le Cuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach.

I mí an Mheithimh 2016, i ndiaidh cruinniú de chuid an Choimisiúin agus dá thoil féin chuaigh sé i gcomhairle leis an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir le dréacht chód cleachtais a cheapadh i réimse an idirdhealaithe ar bhonn aoise agus scoir, faoi alt 31 den Acht fán gCoimisiún. Ina dhiaidh sin, i mí Lúnasa 2016, d'eisigh an Grúpa Oibre Idir rannach a Thuarascáil ar Shaol na hOibre Níos Iomláine. Bhí moltaí sa Tuarascáil gur cheart don Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (CCÁC) cód cleachtais a cheapadh faoi alt 42 den Acht Caidrimh Thionscail, 1990 faoin tsaincheist a bhain le hoibriú níos faide, agus go n eiseodh an Coimisiún treoir maidir le conarthaí téarmaí seasta a úsáid i ndiaidh gnáthaois scoir. Bhí an Coimisiún i mbun plé le CCÁC ag féachaint lena chinntiú nach bhfuil aon trasnaíl nach dteastaíonn idir ár n obair faoi seach sa réimse sin.

I mí an Mheithimh 2016, bhuail an Coimisiún leis an mBreitheamh Murray i gcomhthéacs Athbhreithniú Murray agus ina dhiaidh sin rinne sé aighneacht mhionsonraithe d'athbhreithniú na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar thug an Breitheamh Onórach Murray faoi. Bunaíodh an t athbhreithniú chun scrúdú a dhéanamh ar an dlí a bhaineann le rochtain comhlachtaí stáit ar shonraí cumarsáide iriseoirí. Dhírigh aighneacht an Choimisiúin ar an gcreat dlíthiúil agus moladh leasuithe ar an reachtaíocht a bhaineann le faireachas, coinneáil sonraí agus nochtadh taifead a choinníonn soláthraithe seirbhíse chun a chinntiú go gcomhlíontar oibleagáidí chearta an duine.

I mí na Nollag 2016, rinne an Coimisiún aighneacht leis an Tionól Saoránach i gcomhthéacs a bhreithnithe ar Airteagal 40.3.3° de Bhunreacht na hÉireann. Tugadh breac chuntas san aighneacht ar chaighdeáin chearta an duine agus comhionannais atá ábhartha do phlé an Tionóil, lena n áirítear faoi dhlí na tíre, an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, Cairt Shóisialta Leasaithe na hEorpa, agus faoi chonarthaí éagsúla um chearta an duine ó na Náisiún Aontaithe.

## Tionscadail ábhartha na sochaí sibhialta a dtacaítear leo faoi scéim deontas chearta an duine agus comhionannais, 2016

Nasctha lenár n obair a bhain le caighdeáin idirnáisiúnta a chur chun cinn i suíomh na hÉireann, thacaigh an Coimisiún le **hIontaobhas na hÉireann um Athchóiriú an Chórais Choiriúil** chun tabhairt faoi thionscadal chun moltaí a rinne Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe ar Chéasadh agus Comhairle na hEorpa a chur chun cinn chun deireadh a chur le gaibhniú aonair in Éirinn.

Thacaigh an scéim deontas freisin le roinnt tionscadal a dhírigh ar inniúlachtaí eagraíochtaí a fhorbairt chun cearta an duine agus comhionannas a bhaint amach ina n oibríochtaí agus seachadadh seirbhísí, ar nós tionscadail le **Líonra na hÉireann um Chomhionannas Trasinscne** chun clár a fhorbairt le haghaidh traschuimsiú sa láthair oibre agus tionscadail le hIonchuimsiú Éireann ar dhea chleachtas a fhorbairt le haghaidh coistí comhionannais agus ceart in earnáil an mhíchumais.

Thacaigh an Coimisiún le tionscadal le **Longford Community Resources Ltd.** a thacóidh le dualgas na hearnála poiblí á chur i bhfeidhm in eagraíochtaí a mhaoinítear go poiblí i gContae an Longfoirt.

Ag díriú ar chosaintí dlí le haghaidh chearta an duine agus an chomhionannais, thacaigh an **Coimisiún le hEolas do Shaoránaigh in Uíbh Fhailí** chun oiliúint d'fhoireann ar an líne tosaigh a fhorbairt agus a sheachadadh maidir le stádas comhionannais agus dlí um chomhionannas fostaíochta.

# TUISCINT AR DHOROINNTEACHT AN CHOMHIONANNAIS AGUS CHEARTA AN DUINE A CHUR CHUN CINN

**SA CHUID SEO:**


Aitheantas a thógáil don luach ar bhuiséadú chearta an duine agus an chomhionannais ..... 25

Sonraí feabhsaithe faoi chearta an duine agus comhionannas a fhorbairt ..... 26

Feasacht, tuiscint agus tacaíocht le haghaidh cearta socheacnamaíocha a chur chun cinn ..... 26

Tionscadail ábhartha na sochaí sibhialta a dtacaítear leo faoi scéim deontas chearta an duine agus comhionannais, 2016 ..... 27


***'Tacaíocht a chur chun cinn agus a thógáil do dhearcadh iomlánaíoch i leith chearta an duine, agus aird faoi leith ar chearta socheacnamaíocha'***

IHREC Ráiteas Straitéise 2016-2018

Léirítear sa sprioc seo aitheantas ar idircheangailteacht an chomhionannais agus chearta an duine, agus an tábhacht a bhaineann le díriú ar chearta socheacnamaíocha a bhreisiú in Éirinn. Faoin sprioc seo, leag an Coimisiún amach cuspóir chun feasacht, tuiscint agus tacaíocht le haghaidh cearta socheacnamaíocha a chur chun cinn. Gné bhunúsach de sin is ea aitheantas a thógáil don luach ar phróisis buiséadaithe fheabhsaithe le haghaidh chearta an duine agus an chomhionannais sa stát. Colún riachtanach eile den sprioc sin is ea cur le bailiú feabhsuithe sonraí ar chearta an duine agus ar an gcomhionannas, chun cur le déanamh beartas níos fearr bunaithe ar fhianaise. I rith 2016, thóg an Coimisiún céimeanna suntasacha i dtreo na gcuspóirí sin a bhaint amach.

## Aitheantas a thógáil don luach ar bhuiséadú chearta an duine agus an chomhionannais

I rith 2016, ghlac an Coimisiún páirt i réimse gníomhaíochtaí chun cur le struchtúir buiséadaithe a fhorbairt le haghaidh chearta an duine agus an chomhionannais in Éirinn.

### *Rannpháirtíocht leis an Oireachtas ar phromhadh ó thaobh chearta an duine agus an chomhionannais*

In 2016, d'fhoilsigh an Rialtas 'Clár do Rialtas Comhpháirtíochta' ina n áirítear na ceangaltais seo a leanas: "Forbróimid an próiseas díonta buiséad agus beartas mar bhealach chun comhionannas a chur chun cinn, bochtaineacht a laghdú agus neartú a dhéanamh ar chearta geilleagracha agus sóisialta" agus "úsáid a bhaint as an saineolas ó Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC) chun tacú leis an bpróiseas díonta".

I mí an Mheithimh 2016, d'fhreastail an Coimisiún ar an **Roghchoiste um Shocruithe le haghaidh Grinnscrúdú Buiséadach** chun iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir leis an gCoimisiún cabhrú leis an Rialtas chun bearta buiséadaithe a fhorbairt ina bhfuil promhadh ó thaobh na bochtaineachta agus an chomhionannais.

### *Cruinniú Comhchéime faoi Phromhadh Buiséid*

An 24 Meitheamh 2016, d'óstáil an Coimisiún cruinniú comhchéime saineolach le lucht acadúil agus cleachtóirí ag a bhfuil saineolas ar phromhadh ó thaobh inscne, comhionannais, bochtaineachta agus chearta an duine. Ba é cuspóir an chruinnithe comhchéime iniúchadh a dhéanamh ar an méid ar foghlaimíodh ó thionscnaimh roimhe sin agus breithniú a dhéanamh ar an gcaoi is éifeachtaí don Choimisiún agus do pháirtithe leasmhara tábhachtacha eile tabhairt faoi na ceangaltais a dtugtar breac chuntas orthu sa chlár don rialtas. Thosaigh siad siúd a d'fhreastail ar an gcruinniú ag comhoibriú freisin ar eagrán speisialta den




*Comhalta an Choimisiúin an Dr Mary Murphy ag Roghchoiste um Shocruithe le haghaidh Grinnscrúdú Buiséadach*



*An Príomh-Choimisinéir Emily Logan le Cór Ban Thionscadal Saol ag seoladh Ráiteas Straitéise 2016 2018 an Choimisiúin*



*Comhaltaí an Choimisiúin Teresa Blake SC agus an Dr Mary Murphy leis an Dr Attiya Waris ag seisiún ar cheartas cánach*

iris **Public Administration** a phléifidh go hiomlán le promhadh ó thaobh chearta an duine agus an chomhionannais ar an bpróiseas buiséadaithe. Tá sé sin le foilsiú in 2017, agus is foinse luachmhar léargais agus eolais a bheidh ann den chaoi a bhféadfaí promhadh ó thaobh chearta an duine agus an chomhionannais ar an mbuiséad a chur chun cinn i gcomhthéacs na hÉireann.

### *Cruinniú faisnéise don tsochaí shibhialta ar phromhadh an bhuiséid*

Ag aithint thábhacht ról na sochaí sibhialta, an 26 Meán Fómhair reáchtáil an Coimisiún cruinniú faisnéise chun faisnéis a sholáthar d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta faoi fhorbairtí ar phromhadh an bhuiséid agus faoi obair an Choimisiúin sa réimse sin. Ba é cuspóir an imeachta sin spás a chruthú le haghaidh plé, eolas reatha a chruinniú, iniúchadh a dhéanamh ar an méid ar foghlaimíodh ó thionscnaimh roimhe sin agus an chaoi is éifeachtaí don Choimisiún agus do pháirtithe leasmhara tábhachtacha eile tabhairt faoi na ceangaltais nua promhaidh sin a bhreithniú.

### *Treoracha eolais faoi phromhadh an bhuiséid*

I rith 2016 chuir an Coimisiún sraith treoracha eolais i dtoll a chéile faoi phromhadh an bhuiséid ó thaobh chearta an duine agus an chomhionannais:

- **Factsheet 1: Realising Rights – Key Principles**
- **Factsheet 2: Budget Proofing: Background and Some Learning**
- **Factsheet 3: Budgetary Institutions: What's Changing?**
- **Factsheet 4: The Budget Process**

## Sonraí feabhsaithe faoi chearta an duine agus comhionannas a fhorbairt

Mar chuid dár gcuspóir chun sonraí feabhsaithe faoi chearta an duine agus comhionannas a fhorbairt, a chuireann le cinnteoireacht níos fearr bunaithe ar fhianaise, chuir an Coimisiún tús le clár taighde dhá bhliain leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta. Cuirfidh an clár sin sonraí riachtanacha ar fáil, agus anailís chun tacú le forbairt beartas ar réimse téamaí chearta an duine agus comhionannais.

## Feasacht, tuiscint agus tacaíocht le haghaidh cearta socheacnamaíocha a chur chun cinn

In 2016 tharraing an Coimisiún aird ar raon saincheisteanna a bhaineann le cearta socheacnamaíocha, thar réimsí eile dá chuid oibre. Áiríodh leis sin aighneacht an Choimisiúin don **Choimisiún Eorpach ar an gCéad bhreac chuntas tosaigh ar an gColún Eorpach um Chearta Sóisialta**, freagra an Choimisiúin ar bhreith an **Choiste Eorpaigh ar Chearta Sóisialta** in aghaidh na hÉireann maidir le cóiríocht don Lucht Siúil agus aird a tharraingt ar impleachtaí cleachtas sa mhargadh cíosa maidir le cearta an duine agus comhionannas.

## Tionscadail ábhartha na sochaí sibhialta a dtacaítear leo faoi scéim deontas chearta an duine agus comhionannais, 2016

Nasctha lenár n obair ar thacaíocht a fhorbairt le haghaidh phromhadh an bhuiséid, thacaigh an Coimisiún le tionscadal le **Comhairle Náisiúnta na mBan** chun treochlár soiléir a fhorbairt trína bhféadfaí buiséadú inscne a chur i bhfeidhm in Éirinn.

I scéim deontas na bliana seo, d'éirigh le trí thionscadal a dhírigh ar éascú rannpháirtíochta pobal atá páirteach ina gcearta socheacnamaíochta a chruthú. Ba thionscadal le **Community Action Network** an chéad cheann a chuirfidh tacaíocht oiliúna agus forbartha ar fáil do thionóntaí údarás áitiúil. Ba chomhpháirtíocht an dara tionscadal idir **Roinn na Polaitíochta agus an Riaracháin Phoiblí in Ollscoil Luimnigh** agus **Gluaiseacht Taistealaithe na hÉireann** a dhírigh ar rannpháirtíocht an Lucht Siúil i rialtas áitiúil agus i gcinntí faoi chóiríocht atá oiriúnach ó thaobh an chultúir. Ba thionscadal le **Ballyfermot Travellers Action Project** an tríú tionscadal chun a chur ar chumas na ndaoine a chónaíonn i bPáirc Labré dúshlán a thabhairt don neamhionannas atá os comhair a bpobail agus éileamh a dhéanamh ar chóiríocht shábháilte atá oiriúnach ó thaobh an chultúir.

Ar an téama leathan a bhaineann le tacaíocht a chur chun cinn agus cearta geilleagracha, sóisialta agus cultúrtha a chur chun cinn, thacaigh an Coimisiún le tionscadail na **Comhairle um Chearta an Duine** dar teideal 'Making Socio economic Rights Meaningful'.

Níos sonraí, i gcás an dealaithe inscne ó thaobh pinsean stáit de, thacaigh an Coimisiún le **hAoisghníomhaíocht Éireann** a bhí i mbun taighde ar thionchar inscne na n athruithe ar na critéir incháilithe don phinsean stáit. Thacaigh an Coimisiún le tionscadal le **Crosscare** freisin faoin gceart chun cúram sláinte i gcás imircigh leochaileacha.






*Debbie Mulhall, Dolphin House Alliance, Miriam Dowling, See Change, Patrick Reilly, Pavee Point leis an bPríomh-Choimisinéir Emily Logan ag seoladh Ráiteas Straitéise 2016-2018 an Choimisiúin.*

# COMHIONANNAS AGUS CEARTA AN DUINE A CHUR I gCRÍCH

**SA CHUID SEO:**

Rannpháirtíocht agus comhairliúchán a chur i lár ár gcuid oibre: comhairliúchán náisiúnta an Choimisiúin ar CEDAW ........ 30

Faisnéis faoi chearta an duine agus comhionannas a dhéanamh infhaighte agus spéisiúil ........ 32

Tacú leis an bpobal chun a gcearta a chruthú ........ 33

Tacú le dea chleachtas in oideachas chearta an duine agus an chomhionannais agus é a chur chun cinn ........ 36

Tionscadail ábhartha na sochaí sibhialta a dtacaítear leo faoi scéim deontas chearta an duine agus comhionannais, 2016 ........ 38

***'Beidh an Coimisiún tar éis dul chun cinn a bhaint amach i réimsí ríthábhachtacha chearta an duine agus an chomhionannais trí throid in aghaidh an idirdhealaithe agus trí chearta a chosaint, go háirithe cearta iad siúd is lú buntáiste'***

IHREC Ráiteas Straitéise 2016-2018

Féachann gníomhaíocht an Choimisiún faoin sprioc seo le hoideachas a chur ar an bpobal, iad a chur ar an eolas agus cabhrú leo, agus léiriú a thabhairt ar an gcaoi a mbíonn cúrsaí chearta an duine agus comhionannais ábhartha dá saol ó lá go lá. Tugann an Coimisiún faoi réimse leathan gníomhaíochtaí soláthair faisnéise, oideachais agus rannpháirtíochta leis an bpobal agus leis an tsochaí shibhialta. Ní amháin go mbaineann rannpháirtíocht le faisnéis a thabhairt, tugann sí deis don Choimisiún páirt a ghlacadh i gcomhairliúchán, agus foghlaim faoi thaithí agus dearcthaí daoine ar chearta an duine agus comhionannas. Ní amháin go gcinntítear rannpháirtíocht bhríoch má leabaítear dea chleachtais comhairliúcháin inár gcuid oibre, tugtar léargas an luachmhar don Choimisiún freisin a chuireann le bunús ár gcuid oibre.

Ina theannta sin, bíonn an Coimisiún i mbun plé go díreach leis an bpobal chun tacaíocht agus cúnamh a thabhairt faoi chúrsaí chearta an duine agus comhionannais trínár líne phoiblí faisnéise agus, nuair is cuí, trí chúnamh dlí.

## Rannpháirtíocht agus comhairliúchán a chur i lár ár gcuid oibre: comhairliúchán náisiúnta an Choimisiúin ar CEDAW

Tá éisteacht le dearcthaí an phobail, tús a chur le comhráite agus rannpháirtíocht i gcearta an duine agus i gcomhionannas a éascú ina gcuid lárnach d'obair an Choimisiúin. In 2015, i rith ár gcomhairliúcháin náisiúnta ar ár ráiteas straitéise, d'fhorbair an Coimisiún sraith prionsabal agus nósanna imeachta chun tabhairt faoi chomhairliúcháin phoiblí ar chearta an duine agus comhionannas. I samhradh na bliana 2016, leathnaigh an Coimisiún an obair sin le seoladh an chomhairliúcháin phoiblí ar chomhlíonadh Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le gach cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú (CEDAW) in Éirinn.

Cheap grúpa tionscadail trasfhoirne sa Choimisiún an comhairliúchán agus thug siad faoi. Chuir an comhairliúchán ceist amháin uileghabhálach ar phobal na hÉireann: "Cén chaoi a bhfuil an saol do mhná in Éirinn in 2016?"

Ag glacadh cur chuige a thug tús áite don inrochtaine, d'iarr an comhairliúchán rannpháirtíocht an phobail ar mhórán bealaí, bíodh sin trí cheistneoir ar líne, trí aighneachtaí scríofa, trí pháirt a ghlacadh i ngrúpa fócais nó trí fhreastal ar imeachtaí comhairliúcháin a eagraíodh ar fud na tíre. Chinntigh an cur chuige sin go raibh deis ag réimse leathan daoine cur lenár gcomhairliúchán ar bhealach a d'fhreastail ar a riachtanais féin. Thacaigh plean náisiúnta cumarsáide mionsonraithe leis an gcomhairliúchán, inar úsáideadh teanga shoiléir, bheacht agus intuigthe chun an pobal a chur ar an eolas faoi choinbhinsiún CEDAW, agus próiseas monatóireachta conartha na Náisiún Aontaithe.

I rith an chomhairliúcháin, chuala an Coimisiún tuairimí ó os cionn míle duine ó fud fad na hÉireann, ó na daoine a thug cuairt ar ár seastán ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, go dtí na grúpaí agus daoine éagsúla a ghlac páirt inár gcruinnithe comhairliúcháin agus a d'fhreagair ár ngairmeacha ar aighneachtaí.

Bhí na dearcthaí, léargais agus taithí a bailíodh i rith an chomhairliúcháin thar a bheith luachmhar don Choimisiún nuair a bhí a thuarascáil neamhspleách ar chomhlíonadh CEDAW in Éirinn á hullmhú do na Náisiún Aontaithe. Chruthaigh an comhairliúchán deis thábhachtach freisin don Choimisiún chun feasacht a mhéadú ar chomhionannas inscne agus ar chaighdeáin idirnáisiúnta chearta an duine agus chun ábharthacht chearta an duine agus comhionannais sa saol ó lá go lá a léiriú do shealbhóirí ceart.

**203** aighneacht ar líne

**30** aighneacht scríofa

**60** rannpháirtí a ghlac páirt i sé ghrúpa fócais théamacha

**130** duine a d'fhreastail ar cheithre chruinniú phoiblí

**45** women living in prison shared their views

**13** chruinniú le heagraíochtaí leasmhara

**50** bean i soláthar díreach a roinn a ndearcthaí i rith cuairteanna ar ionaid i nGaillimh agus i gCill Airne




*Seastán chomhairliúchán CEDAW ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, 2016*



*Rannpháirtithe ag cruinniú comhairliúcháin Chaisleán an Bharraigh ar CEDAW*




*Aiseolas ar chomhairliúchán CEDAW ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, 2016*

# Faisnéis faoi chearta an duine agus comhionannas a dhéanamh infhaighte agus spéisiúil


## *Athfhorbairt shuíomh gréasáin an Choimisiúin, www.ihrec.ie*


I mí Mheán Fómhair 2016, sheol an Coimisiún suíomh gréasáin athdheartha agus breisithe, www.ihrec.ie. Ba é sprioc an tionscadail faisnéis úsáideach, inrochtana a chur ar fáil chun ár n oibleagáid reachtúil maidir le faisnéis phoiblí a chur ar fáil a chomhlíonadh. Dearadh an suíomh gréasáin freisin chun sraith chuimsitheach acmhainní a bhaineann le Dualgas na hEarnála Poiblí a chruinniú le chéile, chomh maith le hábhar cabhrach treorach do ghrúpaí atá ag iarraidh cearta an duine agus comhionannas a leabú ina láthair oibre nó gnó. Bhí prionsabal na rannpháirtíochta, le béim ar inrochtaine agus soiléireacht an inneachair, mar bhonn agus taca ag an tionscadal ar fad. Tionóladh painéal 'úsáideoirí deiridh' chun ionchur agus aiseolas a thabhairt ar fhorbairt an tsuímh, a chabhraigh le bonn eolais a chur faoi fhorbairt na mbealaí faisnéise chun úsáideoirí a threorú trí inneachar an tsuímh gréasáin. Ó seoladh an suíomh nua tá méadú suntasach tagtha ar líon na gcuairteoirí, le beagnach 130,000 cuairt in 2016.


## *Feachtas feasachta ar an bhforas nua faoi 'Chúnamh Tithíochta'*

Amhail an 1 Eanáir 2016, thug an tAcht um Chomhionannas (Forálacha Ilghnéitheacha), 2015 "cúnamh tithíochta" isteach mar fhoras nua cosanta in aghaidh idirdhealú i gcóiríocht. Ciallaíonn sé sin nach féidir idirdhealú a dhéanamh níos mó ar dhaoine a fhaigheann forlíonadh cíosa, íocaíochtaí cúnamh tithíochta nó íocaíochtaí leasa shóisialaigh eile maidir le cóiríocht a sholáthar nó seirbhísí nó conláiste eile.

Ag freagairt don mhéadú ar cheisteanna ó thionóntaí ar ár seirbhís faisnéise, sheol an Coimisiún feachtas feasachta chun a chinntiú go raibh tiarnaí talún, gníomhairí ligin agus comhairleoirí maoine ar an eolas faoina bhfreagracht dhlíthiúil chun stop a chur le hidirdhealú ar thionóntaí nó ar thionóntaí féideartha ar bhonn cúnamh tithíochta a fháil.




Ina theannta sin, agus i gcomhairle le heagraíochtaí leasmhara, chuir an Coimisiún faisnéis i dtoll a chéile do thionóntaí agus do thionóntaí féideartha chun iad a chur ar an eolas faoina gcearta agus faoina roghanna iontaofa.

## Tacú leis an bpobal chun a gcearta a chruthú

*Seirbhís phoiblí faisnéise an Choimisiúin*

Cuireann an Coimisiún faisnéis ar fáil don phobal ar na cearta, na leigheasanna agus na hoibleagáidí a bhforáiltear dóibh faoi dhlí chearta an duine agus faoi dhlí comhionannais in Éirinn. Áirítear leo sin na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000–2015, na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2015, Alt 19 den Acht Deochanna Meisciúla, 2003, Bunreacht na hÉireann agus na hAchtanna fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine 2003–2014. .

*Chuathas i ngleic le 1,780 fhiosrú in 2016.*

As an 1,114 fhiosrú eile, ba iad na réimsí téamacha ba choitianta easpa dídine agus tithíocht, cine agus míchumas – ar saincheisteanna iad ar fad a léiríonn an méid a bhíonn i bpáirt ag dlí comhionannais agus na cosaintí níos leithne a thugtar faoin mbunreacht agus faoi dhlí chearta an duine.

**510 bhfiosrú** **a bhain leis na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000–2015**

*Na téamaí is mó a tháinig chun cinn:*

- 45% soláthraithe earraí agus seirbhísí
- 40% soláthraithe seirbhísí cóiríochta
- 12% forais oideachais

*Na forais chosanta is mó a tháinig chun cinn:*

- 30% an foras "cúnamh tithíochta"
- 22% an foras "míchumais
- 16% the foras cine

**26 fhiosrú** **faoi Alt 19 den Acht Deochanna Meisciúla, 2003**

*Na forais chosanta is mó a tháinig chun cinn:*

- 31% daoine den Lucht Siúil
- 15% ran foras cine

**368 bhfiosrú** **a bhain leis na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2015**

*Na saincheisteanna is mó a tháinig chun cinn:*

- 44% téarmaí agus coinníollacha
- 28% rochtain ar fhostaíocht
- 11% gnéaschiapadh agus ciapadh ar fhoras cosanta amháin nó níos mó

*Na forais chosanta is mó a tháinig chun cinn:*

- 25% an foras míchumais
- 22% an foras stádas teaghlaigh
- 17% the foras cine

**210 bhfiosrú** **a bhain le cearta an duine**

*Na saincheisteanna um chearta an duine is mó a tháinig chun cinn:*


- 22% riaradh ceartais agus nósanna imeachta córa
- 13% comhionannas agus neamh idirdhealú
- 14% cearta an duine i gcomhthéacs na heaspa dídine

*Cúnamh dlí a sholáthar*

Féadfaidh an Coimisiún, i gcúinsí áirithe, cúnamh dlí a thabhairt do dhuine a dteastaíonn uaidh cás a bhaineann le cúrsaí comhionannais nó chearta an duine a thabhairt os comhair an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre nó na gCúirteanna. Nuair atá cinneadh á dhéanamh cúnamh a thabhairt i gcás faoi leith, faigheann an Coimisiún treoir faoi na forálacha a leagtar amach in alt 40 den Acht fán gCoimisiún, 2014 agus breithnítear cúinsí ar nós an dtarraingíonn an cás anuas ceist prionsabail nó an mbeadh sé míréasúnta a bheith ag súil go rachadh duine i ngleic leis an gcás gan cúnamh mar gheall ar chastacht an cháis.

I rith 2016, rinne an Coimisiún cinntí maidir le 43 iarratas ón bpobal ar chúnamh dlí faoi alt 40 den Acht. Ag deireadh na bliana, bhí 29 n iarratas eile ar chúnamh ón bpobal ag fanacht ar chinneadh.

Faoi dheireadh na bliana, bhí 30 comhad cliaint do chúnamh dlí oscailte ag an gCoimisiún, agus ba chliaint nua in 2016 17 gcinn díobh siúd.




I rith 2016, cuireadh ceithre shraith imeachtaí dlí inar thug an Coimisiúin ionadaíocht dhlíthiúil do dhaoine aonair i gcrích. Leagtar amach torthaí na n imeachtaí sin thíos.

## Easpa dídine agus cearta an linbh

**Cás:** ***Teaghlach v Chomhairle Contae A***

In 2015 thug an Coimisiún cúnamh dlí do theaghlach (beirt tuismitheoirí agus triúr leanaí mionaoiseacha), arbh éigean dóibh teitheadh óna n áit chónaithe, agus a limistéar comhairle contae i ndiaidh ciapadh ciníoch agus foréigin ó dhaoine príobháideacha. Tháinig an teaghlach go hÉirinn mar dhídeanaithe agus is saoránaigh Éireannacha anois iad.

Chuaigh an teaghlach go comhairle contae eile agus rinne siad iarratas ar áit ar liosta tithíochta na comhairle contae sin. Dhiúltaigh an chomhairle contae dá n iarratais, nuair a chinn sí nach raibh aon nasc áitiúil ag an teaghlach leis an gceantar ábhartha. B'éigean don teaghlach codladh ina gcarranna agus ó am go chéile d'íoc siad as cóiríocht leapa agus bricfeasta le hairgead a fuair siad ó leas sóisialach. Mar gheall ar a stádas tithíochta ní raibh na leanaí in ann freastal ar an scoil ar feadh cúpla mí.

**Toradh:**
I ndiaidh ionadaíocht dhlíthiúil a bhronnadh ar an teaghlach agus plé leis an gcomhairle contae, athbhreithníodh a n iarratais agus cuireadh an teaghlach ar an liosta tithíochta ábhartha. Cuireadh an teaghlach i gcóiríocht éigeandála freisin, agus d'fhill na leanaí ar an scoil. In 2016 tairgeadh tithíocht shóisialta sa limistéar comhairle contae ábhartha dóibh agus ghlac siad léi.

## Idirdhealú ar bhonn inscne

**Cás: *Sinead Brady v Choiste Gairmoideachais Chontae an Chabháin***

Bhronn an Coimisiún cúnamh dlí ar an Uasal Brady maidir le gearán a bhain le hidirdhealú ar bhonn inscne a rinneadh faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2015.

Ba chomhairleoir gairmthreorach lánaimseartha í an tUasal Brady i scoil de chuid an Choiste Gairmoideachais. Agus í ar saoire mháithreachais in 2012, agus go gairid i ndiaidh bhreith a céad linbh, dúirt an Scoil léi go raibh an Roinn Oideachais agus Scileanna tar éis ciorclán a eisiúint agus go dtarraingeofaí siar an maoiniú dá post mar chomhairleoir gairmthreorach. Tairgeadh post teagaisc difriúil di ach rinne sí gearán nár léirigh sé a taithí múinteoireachta.

**Toradh:**
Chinn an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre go raibh an tUasal Brady i dteideal filleadh ar an obair sa phost céanna nó i bpost oiriúnach malartach agus nár tharla sé sin ina cás siúd. De bharr an chaoi ar caitheadh leis an athrú ar an bpost, agus de bharr go raibh an tUasal Brady ar saoire chosanta, chinn an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre go ndearnadh idirdhealú ar an Uasal Brady chun críche na nAchtanna um Chomhionannas Fostaíocht.

D'ordaigh an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre do na freagróirí suim €40,000 a íoc as na héifeachtaí idirdhealaithe. D'ordaigh an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre freisin go bpromhfadh an freagróir na beartais agus na nósanna imeachta ó thaobh comhionannais de a bhain le cur i bhfeidhm áitiúil chiorclán na Roinne Oideachais, i bhfianaise an ghearáin sin.

## Idirdhealú ar bhonn inscne

**Cás: *Comhalta Club v Cathaoirleach Bord Bainistíochta, Bainisteoir Ginearálta, agus Bord Bainistíochta Club***

Bhronn an Coimisiún cúnamh dlí ar chomhalta club phríobháidigh a mhaígh go ndearnadh idirdhealú uirthi laistigh de bhrí na nAchtanna um Stádas Comhionann 2000–2015 ar fhoras inscne maidir le rialacha agus nósanna imeachta áirithe ballraíochta nár bhain ach le comhaltaí baineanna an chlub Freagróra. Mhaígh sí freisin go ndearnadh ciapadh uirthi agus gur imríodh leatrom uirthi mar gur tharraing sí anuas gearáin faoi idirdhealú ar bhonn inscne. Ba chlub cláraithe (.i. ceadúnaithe) an club Freagróra faoi Achtanna Clárú na gClubanna 1904 go 1999. Lóisteáil an Gearánach gearáin leis an mBinse Comhionannais, an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre anois.

Tharraing an cás seo anuas cúrsaí a bhain le feidhmiú féideartha Threoir 2004/113/CE ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh, ag cur i bhfeidhm phrionsabal an chaithimh chomhionann le fir agus le mná maidir le rochtain agus soláthar earraí agus seirbhísí ('an Treoir maidir le hEarraí agus Seirbhísí Inscne') ar ghearáin in aghaidh clubanna príobháideacha agus léirmhíniú ar an mbrí 'réimsí príobháideacha agus teaghlaigh' sa Treoir maidir le hEarraí agus Seirbhísí Inscne. Bhain sé freisin le breithniú ar an bhfóram cuí le héisteacht le gearáin dá leithéid sa chás go bhforáiltear leis na hAchtanna gur cheart éisteacht le gearáin a bhaineann le clubanna cláraithe idirdhealaithe sa Chúirt Dúiche, agus ní sa Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre ná sa Chúirt Chuarda. Bhí oiriúnacht na leigheasanna reatha faoi na hAchtanna nuair a léirmhínítear iad i bhfianaise na Treorach maidir le hEarraí agus Seirbhísí Inscne ábhartha freisin toisc nach bhfuil aon sásra ann do shásamh aonair faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann le haghaidh gearáin in aghaidh clubanna cláraithe idirdhealaithe.

**Toradh:**
Bhí an cás le héisteacht os comhair an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre an 7 Aibreán 2016, ach thángthas ar shocrú ar an gcás a shásaigh na páirtithe ar fad ar an dáta sin. D'fhoráil an socrú le haghaidh athrú ar nósanna imeachta reatha áirithe sa chlub chun a chinntiú go gcaitear go comhionann le comhaltaí baineanna an chlub Freagróra.

## Dúshaothrú oibre

**Cás:** ***Iarfhostaí v Fostóra***

Sholáthair an Coimisiún cúnamh dlí (lena n áirítear ionadaíocht dhlíthiúil os comhair an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre) do náisiúnach de chuid an Aontais Eorpaigh a bhí faoi réir dian dúshaothrú oibre ag teach leapa agus bricfeasta a bhí á reáchtáil ag teaghlach. Áiríodh leis sin éileamh ar thuarastal, laethanta saoire, sosanna agus ragobair nár íocadh, chomh maith le hidirdhealú líomhainte ar fhoras cine, míchumais, inscne agus stádais shibhialta.

**Toradh:**
Bhí an cás le héisteacht os comhair an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre i mí Mheán Fómhair 2016, ach thángthas ar shocrú ar an gcás. Ba iad seo téarmaí an tsocraithe: fuair an t iarfhostaí €20,000 ón bhfostóir chomh maith le hadmháil go mbeadh meas ag an bhfostóir ar an n oibleagáidí faoi reachtaíocht fostaíochta as seo amach. Chomhaontaigh an fostóir freisin go dtabharfaí teistiméireacht mhaith don iarfhostaí agus nach ndéarfaí ná nach scríobhfaí aon rud diúltach faoin iarfhostaí.

Ar leithligh, ciontaíodh an fostóir freisin as cionta i mainneachtain an fhostóra i dtaifid chuí a choinneáil, agus taifid bhréagacha agus mhíthreoracha a tháirgeadh faoin Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997 agus gan an pá íosta a íoc faoin Acht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000.

## Tacú le dea chleachtas in oideachas chearta an duine agus an chomhionannais agus é a chur chun cinn

Breathnaíonn an Coimisiún ar oideachas mar thosaíocht straitéiseach chun cearta an duine agus comhionannas a chur chun cinn. In 2016, díríodh gníomhaíochtaí oideachais an Choimisiúin go háirithe ar inniúlacht gairmithe san earnáil phoiblí a neartú i gcás dhualgas na hearnála poiblí, agus ar thacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta chun saineolas chearta an duine agus comhionannais a fhorbairt.

### *Seoladh an chéad Dioplóma Ghairmiúil i gCearta an Duine agus Comhionannas*

Rinneadh bunobair shuntasach ar bhreisoideachas i gcearta an duine agus comhionannas a bhunú agus bhí toradh na hoibre sin le feiceáil leis an gcéad Dioplóma Gairmiúil i gCearta an Duine agus Comhionannas, atá á chreidiúnú ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus ar cuireadh tús leis san Fhoras Riaracháin i mí Dheireadh Fómhair 2016. Tá an clár bliana páirtaimseartha seo ar an gcéad chlár dá leithéid in Éirinn agus tá sé d'aidhm aige tuiscint níos fearr a thabhairt d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí agus do dhaoine eile ar an stádas atá ag cearta an duine agus comhionannas i mbainistíocht agus i seachadadh seirbhísí poiblí, stádas atá ag éirí níos tábhachtaí i gcónaí. D'oibrigh an Coimisiún go dlúth leis an bhForas Riaracháin chun clár a fhorbairt a bhfuil d'aidhm aige tairbhe phraiticiúil a sholáthar dóibh siúd a n imríonn athruithe reachtaíochta agus eile tionchar ar a saol gairmiúil, athruithe a thug cearta an duine agus comhionannas chun tosaigh in Éirinn le blianta beaga anuas. I dteannta modúl ar dhlí na hÉireann agus dlí idirnáisiúnta, freastalaíonn an cúrsa ar na saincheisteanna sonracha a bhíonn os comhair fostaithe sa tseirbhís phoiblí in Éirinn chun comhionannas a chur chun cinn, idirdhealú a chosc agus meas a léiriú ar chearta an duine. Ag croí an chúrsa tá béim ar an bpróiseas a bhaineann le Dualgas na hEarnála Poiblí a chuimsiú i riaradh agus i mbainistíocht comhlachtaí poiblí.



*An Príomh-Choimisinéir Emily Logan ag an gcéad léacht don Dioplóma Gairmiúil i gCearta an Duine agus Comhionannas*

### *An scéim sparánachta do mhic léinn*

Sheol an Coimisiún scéim sparánachta chun tacú le fostaithe sa tseirbhís phoiblí agus le daoine a oibríonn in eagraíochtaí na sochaí sibhialta an Dioplóma Gairmiúil i gCearta an Duine agus Comhionannas a chur i gcrích. Bhí 49 mac léinn ar an gcéad bhliain den chúrsa, agus fuair 18 nduine díobh siúd sparánacht ón gCoimisiún. Roghnaigh painéal athbhreithnithe 12 iarratas rathúla ó eagraíochtaí san earnáil phoiblí agus sé iarratas ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Chuimsigh siad siúd a fuair sparánacht réimse grád, cúlraí, suíomhanna tíreolaíochta agus inscne, agus tháinig siad ó na comhlachtaí poiblí agus ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta seo a leanas:

- Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
- Oifig an Ombudsman
- An tSeirbhís Chúirteanna
- An Garda Síochána
- An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- An Roinn Coimirce Sóisialaí
- An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
- Intreo
- Raidió Teilifís Éireann
- Ospidéal Mhuire do Leanaí i gCromghlinn
- Comhairle Chontae Chill Mhantáin
- Comhairle Contae Mhuineacháin
- Threshold
- Ionad Pavee Point don Lucht Siúil agus na Romaigh
- An Líonra Eorpach i gcoinne an Chiníochais in Éirinn
- Comhairle Dídeanaithe na hÉireann
- Aostacht agus Deiseanna
- Líonra na hÉireann um Chomhionannas Trasinscne

## Tionscadail ábhartha na sochaí sibhialta a dtacaítear leo faoi scéim deontas chearta an duine agus comhionannais, 2016

Nasctha lenár n obair san earnáil oideachais, thacaigh an Coimisiún le tionscadal leis an **Scoil Dlí Sutherland UCD** chun oideachas chearta an duine a éascú agus a bhreisiú sa Churaclam Iar bhunoideachais. D'éirigh go geal le dhá thionscadal tomhais do chomhionannas san oideachas; ceann leis an **Scoil Cumarsáide, DCU** chun fréamhshamhail d'uirlis suirbhéireachta ar líne ar scoláirí a fhorbairt chun comhionannas agus uileghabhálacht i scoileanna a thomhas agus tionscadal comhpháirtíochta idir **Ionad Pavee Point don Lucht Siúil agus na Romaigh** agus an tIonad um **Míbhuntáiste Oideachasúil, DCU** a thomhaiseann comhionannas oideachais don Lucht Siúil.

Chomh maith leis sin, thacaigh an Coimisiún le roinnt tionscadal a dhíríonn ar neartú inniúlachtaí do ghairmithe atá páirteach i dtacú le daoine chun a gcearta a chruthú. Áirítear ina measc siúd clár do cheardchumannaithe ar institiúidí caidrimh thionsclaíoch a úsáid chun comhionannas a chur chun cinn le **Comhdháil na gCeardchumann**, agus tionscadal a stiúir **Comhghuaillíocht Phobail Dheisceart Bhaile Átha Cliath** a bhfuil d'aidhm aige tuiscint ar chearta an duine a leabú in earnáil an phobail i nDeisceart Bhaile Átha Cliath.

Ag neartú inniúlacht grúpaí sealbhóirí ceart chun cur go díreach le hathrú ina saol agus chun é a iarraidh, thacaigh an Coimisiún le tionscadal oiliúna le **Mental Health Reform** chun go bhféadfadh cúntóirí taighde piaraí comhairliúchán náisiúnta a sheoladh, chomh maith le clár oiliúna abhcóideachta agus chearta an duine le **Headway Cork** agus tionscadal le **Older Voices Kildare** a bhfuil d'aidhm aige teanga chearta an duine a éileamh nuair atá athrú á iarraidh. Thacaigh an Coimisiún le tionscadal le **Teach Pieta** freisin chun gréasán Éireannach a fhorbairt ar mheabhairshláinte an Lucht Siúil.

# ÉAGSÚLACHT AGUS TUISCINT IDIRCHULTÚRTHA

SA CHUID SEO:

Guth neamhspleách ar eitneacht Lucht Siúil, soláthar díreach agus cearta dídeanaithe agus imirceach ..... 40

Tacú le tionscnaimh na sochaí sibhialta ar an idirchultúrachas agus éagsúlacht agus a bheith rannpháirteach iontu ..... 42

Tionscadail ábhartha na sochaí sibhialta a dtacaítear leo faoi scéim deontas chearta an duine agus comhionannais, 2016 ..... 43

***'Beidh an Coimisiún, trí shraith idirghabhálacha dearfacha, tar éis aitheantas an phobail d'éagsúlacht agus do chaidrimh idirchultúrtha mar ghné dhearfach i saol na hÉireann a bhreisiú.'***

IHREC Ráiteas Straitéise 2016–2018

Tá tuiscint idirchultúrtha agus dea chleachtas i gcaidrimh idirchultúrtha sa Stát a spreagadh ar cheann d'fheidhmeanna reachtúla an Choimisiúin. Sa chéad bhliain dár bplean straitéiseach trí bliana, d'fhéach an Coimisiún le tabhairt faoi rannpháirtíocht ghníomhach ar fud ár gcláir oibre le grúpaí éagsúla i sochaí na hÉireann, fad is a labhraíomar go neamhbhalbh faoi réimse saincheisteanna atá lárnach do thuiscint idirchultúrtha a bhaint amach go fadtéarmach in Éirinn.

## Guth neamhspleách ar eitneacht Lucht Siúil, soláthar díreach agus cearta dídeanaithe agus imirceach

### *Eitneacht Lucht Siúil a aithint*

Tá an Coimisiún ag lorg aitheantais ar eitneacht Lucht Siúil go leanúnach inár n obair intíre agus inár dtuairisciú do chomhlachtaí idirnáisiúnta.

I mí Dheireadh Fómhair 2016, tháinig An Príomh-Choimisinéir Emily Logan agus comhalta an Choimisiúin David Joyce os comhair an **Chomhchoiste Oireachtais um Dhlí agus Ceart agus Comhionannas** chun ár dtacaíocht don aitheantas a athdhearbhú agus chun béim a leagan ar an ngá atá le heitneacht Lucht Siúil a aithint, agus le haird a tharraingt ar na moltaí leanúnacha ó chomhlachtaí idirnáisiúnta go n aithneofaí í. I mí na Samhna 2016, tharraing an Coimisiún aird arís ar an tsaincheist sin nuair a bhuail sé le Coimisinéir **Chomhairle na hEorpa um Chearta an Duine**, Nils Muižnieks, mar chuid dá chuairt monatóireachta ar an tír.

### *Córas an tsoláthair dhírigh*

Bhí éilimh ar leasú chóras an tsoláthair dhírigh ar fud obair an Choimisiúin in 2016.

Tharraing an Coimisiún anuas impleachtaí chearta an duine agus comhionannais an chórais inár n obair dhlíthiúil, inár rannpháirtíocht intíre, inár dtuairisciú do chomhlachtaí idirnáisiúnta agus inár n obair chun tacú le daoine aonair agus le grúpaí. Bhí comhairliúchán díreach le mná i lárionaid soláthair dhírigh ina chuid lárnach de chomhairliúchán CEDAW an Choimisiúin ar fud na tíre.

Inár n obair dhlíthiúil, thug an Chúirt Uachtarach cead don Choimisiún pléadáil mar *amicus curiae* ('cara na cúirte') in imeachtaí a bhain le cearta duine ina chónaí i soláthar díreach slí bheatha a bhaint amach.

Sna ráitis beartais ón gCoimisiún ar sholáthar díreach agus inár dtuarascálacha le deireanaí do chomhlachtaí conarthacha na Náisiún Aontaithe ar an gCúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha agus ar an gCoinbhinsiún um Chearta an Linbh, tharraingíomar aird ar thionchar an chórais ar shaol an teaghlaigh, ar mheabhairshláinte agus ar leanaí, ag éileamh ar an stát:

- Tréimhse theoranta idir sé mhí agus naoi mí a thabhairt isteach a bhféadfadh duine nach bhfuair cinneadh go fóill, ar an gcéad iarraidh nó ar achomharc, soláthar díreach a fhágáil, cónaí go neamhspleách, íocaíochtaí leasa shóisialaigh ábhartha agus fostaíocht a aimsiú;
- Sáinordú fiosrúcháin an Ombudsman agus an Ombudsman do Leanaí a leathnú chun lárionaid soláthair dhírigh a chuimsiú;
- Cuntasacht leordhóthanach a chinntiú do chosaint ceart geilleagrach agus sóisialta i gcomhthéacsanna inar gcuireann gníomhairí príobháideacha seirbhísí ar fáil thar ceann an stáit;
- Teaghlaigh a bhogadh amach as lárionaid soláthair dhírigh agus a chur ar a gcumas teacht ar chóiríocht féinfhreastail a luaithe is féidir, agus nach gcuirfí aon teaghlaigh nua i soláthar díreach;
- An liúntas seachtainiúil a thugtar do dhaoine a chónaíonn i soláthar díreach a mhéadú go suim réadúil a chinntíonn dínit, meas agus neamhspleáchas do dhaoine aonair;
- Meas a léiriú ar chearta na ndaoine a chónaíonn i soláthar díreach chun teacht ar bhia atá oiriúnach dá gcultúr, dá n aiste bia agus dá riachtanais aonair agus é a ullmhú.

## *Cosaint do dhídeanaithe agus d'imircigh*

Ó thús deireadh 2016, tharraing an Coimisiún aird ar impleachtaí chearta an duine agus comhionannais a bhaineann le géarchéim na ndídeanaithe agus na n imirceach san Eoraip, agus cheistigh sé leordhóthanacht iarrachtaí an stáit chun cosaint a chur ar fáil do dhídeanaithe.

Mar fhreagra ar thacaíocht na hÉireann do chomhaontú an Aontais Eorpaigh/na Tuirce, chuir an Coimisiún in iúl go raibh imní air dá gcuirfí cosc ar dhídeanaithe tearmann a iarraidh san Eoraip trína gcur ar ais go dtí an Tuirc go mbeadh an tAontas Eorpach ag sárú an phrionsabail neamh refoulement go díreach. Ag meabhrú gur ceart bunúsach an duine é an ceart tearmann a iarraidh agus a fháil agus croíluach den Chomhchóras Tearmainn Eorpach, d'éiligh an Coimisiún ar an Rialtas an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Athmheasúnú a dhéanamh ar a thiomantas reatha do 4,000 dídeanaí faoi Chlár Cosanta Teifeach na hÉireann, a comhaontaíodh in 2015;
- Ról ceannaireachta a ghlacadh mar ghuth do chearta na ndídeanaithe ar leanaí iad, trí bhearta breisithe chun imircigh agus dídeanaithe ar leanaí iad a chur chun ag leibhéal an Aontais Eorpaigh;
- A bheartais athaontaithe teaghlaigh a neartú agus a leathnú, chun bealaí sábháilte agus dleathacha a éascú do dhaoine muinteartha na bpobal dídeanaithe anseo in Éirinn;
- Aghaidh a thabhairt mar ábhar práinne ar na húdair imní níos leithne faoi chearta an duine a bhfuil an tuairisciú orthu cheana féin i gcóras cosanta idirnáisiúnta an Stáit.



*Comhaltaí an Choimisiúin Orlagh O'Farrell, Teresa Blake SC agus An Príomh-Choimisinéir Emily Logan le Nils Muižnieks, Coimisinéir Chomhairle na hEorpa um Chearta an Duine*



*Comhalta d'fhoireann an Choimisiúin, Abed Aldakar, ag seoladh taispeántais Ionad Chearta na nImirceach in Éirinn.*




*An Príomh-Choimisinéir Emily Logan agus Comhalta an Choimisiúin David Joyce BL ag Comhchoiste Oireachtais um Dhlí agus Ceart agus Comhionannas*

## Tacú le tionscnaimh na sochaí sibhialta ar an idirchultúrachas agus éagsúlacht

### *Cur le tionscnaimh áitiúla agus tacú leo*

Ó thús deireadh na bliana, choinnigh an Coimisiún rannpháirtíocht ghníomhach le réimse éagsúil grúpaí a oibríonn chun idirchultúrachas agus éagsúlacht a chur chun cinn ar fud na hÉireann.

Áiríodh sa rannpháirtíocht dá leithéid an méid seo a leanas:

- Bhí béim ar idirchultúrachas agus éagsúlacht ag croí ghníomhaíochtaí comhairliúcháin CEDAW an Choimisiúin i rith shamhradh agus fhómhar na bliana 2016. I dteannta a chinntiú go raibh deis ag mná ó chúlraí éagsúla cultúrtha freastal ar ár n imeachtaí comhairliúcháin phoiblí ar fud na hÉireann, bhí imeachtaí comhairliúcháin déthaobhacha ag an gCoimisiún do mhná i soláthar díreach, mná imirceacha, chomh maith le rannpháirtíocht le mná sa Lucht Siúil agus mná Romacha inár n obair fhairsing féin ar CEDAW;
- I mí Mheán Fómhair 2016 ghlac an Coimisiún páirt i bhFéile Éagsúlachta Phort Láirge, tionscnamh a bhaineann le Straitéis Imeasctha na Cathrach, agus ar thug gluaiseacht Chathair Thearmainn Phort Láirge tacaíocht dó. Rinne an príomhaitheasc a thug duine dár bhfoireann iniúchadh ar dheiseanna d'eagraíochtaí, do phobail agus do dhaoine aonair chun cearta an duine agus tuiscint idirchultúrtha a chur chun cinn i bPort Láirge;
- I mí na Samhna 2016, reáchtáil foireann ó sheirbhís faisnéise an Choimisiúin seastán ag an aonach faisnéise d'imircigh a d'eagraigh an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce i Halla na Cathrach, Baile Átha Cliath. Thug foireann an Choimisiúin faisnéis d'imircigh faoina gcearta faoi dhlí comhionannais agus chearta an duine;
- I mí na Nollag 2016 d'fhreastail foireann an Choimisiúin ar sheoladh Fhóram Chairt Idirchreidimh Chathair Bhaile Átha Cliath i dTeach an Ard Mhéara i mBaile Átha Cliath, ina ndearnadh díospóireacht ar théamaí na saoirse reiligiúin, plé idirchreidimh agus éagsúlacht reiligiún a chur chun cinn sa chathair.

### *Grúpa stiúrtha chlár na Brataí Buí*

Is scéim gradam do scoileanna é clár na Brataí Buí a ritheann Gluaiseacht Taistealaithe na hÉireann agus a chuireann struchtúr ocht gcéim ar fáil chun a chur ar chumas na scoileanna idirchultúrachas, comhionannas agus éagsúlacht a chur chun cinn i ngnáthreáchtáil na scoile. Lean foireann an Choimisiúin ar aghaidh lena ról comhairleach ar an ngrúpa stiúrtha do chlár na Brataí Buí, ag forbairt a chuid oibre i réimsí stéiréitíopála, oideachais, forbairt acmhainní curaclaim agus oideachas múinteoirí.

### *Comhpháirtíocht leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn*

In 2016 chuaigh an Coimisiún i mbun comhpháirtíochta leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn chun cur lena Dámhachtana Taighde ar Bheartas agus an tSochaí. D'aontaigh an Coimisiún dámhachtain taighde a chómhaoiniú faoin snáithe 'Éagsúlacht agus Tuiscint Idirchultúrtha in Éirinn'. Ba thionscadal taighde nuálach an t iarratas ar éirigh leis chun anailís a dhéanamh ar fheiniméan na fuathchainte ciníche ar líne i gcomhthéacs na hÉireann, agus an bac a bhíonn ar an bhfuathchaint chiníoch a thuairisciú. Oibreoidh an Coimisiún go dlúth leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn agus leis na taighdeoirí i rith 2017 chun an tionscadal sin a thabhairt chun críche.

### Tionscadail ábhartha na sochaí sibhialta a dtacaítear leo faoi scéim deontas chearta an duine agus comhionannais, 2016

Tacaíodh le tionscadal dar teideal "All the Children of the Nation" le **Roinn na Tíreolaíochta, OÉ, Má Nuad** chun imscrúdú a dhéanamh ar bheartas imeasctha na hÉireann ó thaobh chearta an duine agus comhionannais.

Ag díriú ar oideachas idirchultúrtha, thacaigh an Coimisiún le tionscadal leis an **Ionad um Chearta an Duine agus Oideachas Saoránachta, DCU** a fhéachann le haghaidh a thabhairt ar chearta ionchuimsithe leanaí ón Lucht Siúil in oideachas múinteoirí.

I suíomh na n ealaíon, thacaigh an Coimisiún le **Create** chun comhdháil a eagrú ar an ról a bhíonn ag na healaíona comhoibríocha in idirchultúrachas, cearta an duine agus ionchuimsiú a chur chun cinn.

Thacaigh an Coimisiún le tionscadal le **Sonas Domestic Violence** chun faisnéis a thabhairt faoi orduithe um fhoréigean teaghlaigh do mhná ó chúlra nach labhraíonn Béarla trí phaca eolais faoi orduithe um fhoréigean teaghlaigh a bhí ann cheana féin a aistriú go teangacha difriúla, Polainnis, Rúisis, Fraincis, Urdúis agus Araibis ina measc.

# RIALACHAS CORPARÁIDEACH AGUS SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

**SA CHUID SEO:**


Rialachas Corparáideach 44
Rialú Airgeadais 45
Iniúchadh agus Riosca 45
Acmhainní Daonna 45
An tAcht um Míchumas, 2005 46
Áitreabh 46
An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014 46
Forléargas ar Úsáid Fuinnimh 47
Nochtadh Cosanta 47


## Rialachas Corparáideach

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, a bunaíodh an 1 Samhain 2014 faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.

Is é sainordú reachtúil an Choimisiúin cearta an duine agus an comhionannas in Éirinn a chosaint agus a chur chun cinn agus cultúr measa ar chearta an duine, ar an gcomhionannas agus ar thuiscint idirchultúrtha a thógáil. Is é an Coimisiún Institiúid Náisiúnta na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhlacht Náisiúnta na hÉireann um an gComhionannas.

Ceapadh forálacha an Achta chun neamhspleáchas an Choimisiúin ina chuid oibre a chinntiú. Ceapann an tUachtarán Comhaltaí an Choimisiúin, i ndiaidh rún in dhá Theach an Oireachtais agus cinneann na comhaltaí beartas agus gníomhaíocht an Choimisiúin go neamhspleách. Maoinítear an Coimisiún trí Vóta Oireachtais agus is í Stiúrthóir an Choimisiúin an tOifigeach Cuntasaíochta dá Vóta. Is é an Coimisiún fostóir a fhoirne ar fad, ar státseirbhísigh i státseirbhís an Stáit iad. Aithníodh neamhspleáchas an Choimisiúin, de réir Phrionsabail Pháras, lena chreidiúnú mar stádas "A" mar Institiúid Náisiúnta um Chearta an Duine leis na Náisiúin Aontaithe.

Ghlac an Coimisiún leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ar bhealach a thagann lena reachtaíocht bhuntacaíochta, an tAcht fán gCoimisiún, 2014. Tá sé faoi réir Chaighdeán Rialachas Corparáideach na Státseirbhíse freisin, ar ghlac sé leis ar bhealach a thagann lena reachtaíocht bhuntacaíochta, an tAcht fán gCoimisiún, 2014.

Treoraítear creat foriomlán rialachais agus rialaithe an Choimisiúin leo seo a leanas:

- An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014;
- An Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit;
- Caighdeán Rialachas Corparáideach na Státseirbhíse;
- An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995;
- An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 2001;
- Tuarascáil an Ghrúpa Oibre ar Chuntasacht Ard Rúnaithe agus Oifigeach Cuntasaíochta (Tuarascáil Mullarkey);

agus

- Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí.

Leagtar amach na socruithe rialachais atá i

bhfeidhm sa Choimisiún ina Chreat Rialachais Chorparáidigh, a dtacaíonn roinnt cáipéisí rialachais eile leis, lena n áirítear:

- Ráiteas Straitéise 2016–18
- Comhaontú Dearbhaithe maidir le Rialachas Corparáideach leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
- Róil agus Freagrachtaí Chomhaltaí an Choimisiúin

Tugadh faoi mheasúnú ar fheidhmíocht an Choimisiúin in 2016 faoi réir an Chóid Chleachtais um Rialachais Comhlachtaí Stáit i mí Eanáir 2017.

## Rialú Airgeadais

Déanann Coiste Airgeadais an Choimisiúin maoirseacht a sholáthar i leith impleachtaí airgeadais ghníomhaíochtaí an Choimisiúin, lena n áirítear pleanáil, buiséadú, athbhreithniú agus próisis faisnéise agus tuairiscithe. Tugtar comhaltacht gach coiste sa Choimisiún, agus freastal orthu i rith 2016 mar Aguisín 3.

Ba é €6.31M an leithdháileadh airgeadais in 2016 faoi Vóta 25, ar leithdháileadh €3.21M de ar chaiteachas a bhain le cúrsaí pá, agus €3.1M ar chaiteachas nár bhain le cúrsaí pá. Amhail deireadh na bliana, bhí barrachas €0.14M dlite le géilleadh don Státchiste.

De réir Alt 27(1) den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, tá an Coimisiún freagrach as Cuntais Leithreasa a ullmhú agus as rialtacht na n idirbheart airgeadais ar fad a chinntiú. Áirítear leis na feidhmeanna atá mar bhonn agus mar thaca ag na freagrachtaí sin íocaíochtaí a údarú agus a mhonatóiriú le haghaidh earraí agus seirbhísí, próisis tairisceana, an párolla a fheidhmiú agus tuairisceáin mhíosúla a chur chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

I rith 2016, glacadh le Lámhleabhar Nósanna Imeachta Airgeadais cuimsitheach ina soiléirítear nósanna imeachta a bhaineann le soláthar agus tairiscint, cuntais iníoctha, baincéireacht, iniúchadh, agus gach ábhar eile a bhaineann le rialtacht agus rialú airgeadais.

De réir na gcaighdeán rialachais ábhartha, éilítear ar an gCoimisiún córais chuí a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go n íoctar sonraisc bhailí laistigh de 15 lá ón dáta a fhaightear iad.

Cuireadh cuntais leithreasa le haghaidh 2016 faoi bhráid an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n iniúchadh faoin 31 Márta 2017.

I rith 2016, d'fhostaigh an Coimisiún na gnólachtaí seo a leanas le haghaidh seirbhísí cuntasaíochta éagsúla:

- DHKN Teoranta, Cuntasóirí Cairte
- Byrne & McCall, Cuntasóirí agus Comhairleoirí Cánach
- LHM Casey McGrath, Cuntasóirí Cairte Deimhnithe
- Cyril O'Neill, Cuntasóirí Costála Dlí

## Iniúchadh agus Riosca

Leagtar amach róil agus freagrachtaí Choiste Iniúchta agus Riosca an Choimisiúin i gcairt i scríbhinn. Tá ról sonrach ag an gCoiste sin, a fheidhmíonn go neamhspleách ar lucht bainistíochta an Choimisiúin, chun dea chleachtas a chinntiú maidir le tuairisciú gnó agus airgeadais agus rialú inmheánach.

Le haghaidh 2016, seachfhoinsíodh an t aonad iniúchta inmheánaigh go Mazars Ireland. I rith 2016, d'ullmhaigh an Coimisiún beartas bainistíochta riosca agus clár riosca agus ghlac sé leo. Ghlac an Coimisiún le plean iniúchta inmheánaigh trí bliana le haghaidh 2016–2019 chun a chinntiú go gcuirtear gach rialú i bhfeidhm go leordhóthanach agus chun táscairí bainistíochta feidhmíochta leanúnacha a sholáthar don fheidhm airgeadais.

## Acmhainní Daonna

Amhail an 31 Nollaig 2016, bhí 41 chomhalta foirne ag an gCoimisiún, méadú ó 33 chomhalta amhail deireadh 2015. Tugtar sonraí na foirne ar fad a fostaíodh in 2016 in Aguisín 4.

Cuireann PeoplePoint seirbhísí comhroinnte riartha acmhainní daonna agus pinsean ar fáil don Choimisiún, agus cuireann PSSC

próiseáil agus tuairisciú párolla agus taistil agus cothaithe ar fáil. Cuirtear na seirbhísí sin ar fáil tríd an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte a bunaíodh mar chuid de chlár athchóirithe an Rialtais.

In 2016, d'úsáid an Coimisiún Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta Fostaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar fhorbairt a fhoirne agus chun tacú leo.

Bunaíodh Comhairle Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas go foirmiúil in 2016 chun cumarsáid rialta a chinntiú ar chúrsaí tábhachtacha idir lucht bainistíochta, comhaltaí foirne agus comharchumainn.

| LÍON NA FOIRNE DE RÉIR GRÁID | 1 EANÁIR 2016 | 31 NOLLAIG 2016 |
|---|---|---|
| An Stiúrthóir | 1 | 1 |
| Príomhoifigeach | 3 | 2 |
| Príomhoifigeach Cúnta | 7 | 9 |
| Ard Oifigeach Feidhmiúcháin / Oifigeach Forbartha | 10 | 11 |
| Oifigeach Feidhmiúcháin | 5 | 9 |
| Oifigeach Cléireachais | | 6 |

## An tAcht um Míchumas, 2005

Faoi Chuid 5 den Acht um Míchumas, 2005, éilítear ar chomhlachtaí na hearnála poiblí tuairisc a dhéanamh ar líon na ndaoine faoi mhíchumas atá fostaithe leo. Léiríonn torthaí Daonáireamh Foirne féintuairiscithe a rinneadh i mí na Nollag 2016 go sáraíonn an Coimisiún an t íosleibhéal d'fhostaíocht daoine faoi mhíchumas, 3%, agus dá bhrí sin go bhfuil Cuid 5 den Acht á comhlíonadh aige. Tuairiscíodh an fhaisnéis sin don Údarás Náisiúnta Míchumais i mí an Mhárta 2017.

## Áitreabh

I ndiaidh próiseas tairisceana soláthair poiblí, cheap an Coimisiún DMOD Architects chun dearadh an fheistithe ar a áitreabh ag 16–22 Sráid na Faiche a stiúradh, agus cheap sé Ardmac Ltd ina dhiaidh sin mar an conraitheoir oibreacha chun tabhairt faoi athchóiriú agus feistiú urlár na talún, an chéad urláir agus an tríú hurlár ag 16–22 Sráid na Faiche.

Áiríodh leis sin príomhbhealach isteach nua go dtí spás an Choimisiúin ar urlár na talún a thógáil. Tá an spás sin ar fáil le haghaidh cruinnithe, seimineár agus imeachtaí agus ócáidí cuir i láthair a óstálann an Coimisiún agus cuirfidh sé lenár gcumas teagmháil a dhéanamh lenár bpáirtithe leasmhara seachtracha.

Agus aird ar a dhualgais mar chomhlacht poiblí faoi Alt 42 den Acht fán gCoimisiún, 2014 i leith Dhualgas na hEarnála Poiblí, d'oibrigh an Coimisiún chun a chinntiú gur fhan prionsabail an Dearaidh Uilíoch agus an inrochtaine is fearr is féidir ag croí an tionscadail feistithe.

## An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014

Leanann an Coimisiún ar aghaidh ag comhlíonadh a dhualgas maidir le hiarratais um Shaoráil Faisnéise a fhreagairt. Fuarthas 16 iarratas um Shaoráil Faisnéise in 2016. Astu sin, deonaíodh deich gcinn, deonaíodh trí cinn i bpáirt, diúltaíodh do phéire agus tarraingíodh siar/pléadh le ceann amháin taobh amuigh den tSaoráil Faisnéise.

| IARRATAIS UM SHAORÁIL FAISNÉISE 2016 | |
|---|---|
| Deonaithe | 10 |
| Páirt deonaithe | 3 |
| Refused: | 2 |
| Tarraingthe Siar/Socraithe lasmuigh den tSaoráil Faisnéise | 1 |
| Iomlán | 16 |

| IARRATAIS UM SHAORÁIL FAISNÉISE 2016 | |
|---|---|
| Iriseoir | 1 |
| Grúpa Sainleasa/ Gnó | 2 |
| Cliant | 2 |
| Duine den Phobal | 11 |
| Iomlán | 16 |








*Tionscadal athchóirithe agus feistithe ag 16–22 Sráid na Faiche*

## Forléargas ar Úsáid Fuinnimh

I gcomhar le hIonstraim Reachtúil 426 de 2014, éilítear ar gach comhlacht san earnáil phoiblí tuairisc bhliantúil a thabhairt ar an bhfuinneamh a úsáideann sé agus ar aon ghníomh a rinneadh chun a ídiú fuinnimh a laghdú.

In 2016, b'ionann úsáid fuinnimh an Choimisiúin agus 131,436 kWh fuinneamh, a chuimsigh fuinneamh eangaí a bhain le teas agus soilse a chur ar fáil dá áitreabh ag 16–22 Sráid na Faiche.

| CINEÁL FUINNIMH | LEIBHÉAL ÍDITHE |
|---|---|
| Leictreachas | 131,436 kWh |
| Breoslaí Iontaise | 0 kWh |
| Breoslaí In athnuaite | 0 kWh |

Mar chuid dá thionscadal feistithe, shuiteáil an Choimisiún soilse LED agus braiteoirí ar fud an áitribh, rud a chur le héifeachtúlacht fuinnimh agus le héifeachtúlacht chostais ó thaobh na scéime soilsithe de.

## Nochtadh cosanta

Mar chomhlacht poiblí, éilítear ar Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú maidir le líon na nochtaí cosanta a rinneadh leis an bhliain roimhe sin, agus an gníomh a rinneadh mar fhreagra ar aon nochtadh cosanta dá leithéid.

Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta leis an gCoimisiún sa tréimhse 1 Eanáir 2016–31 Nollaig 2016.

# TUAIRISC FAOI ALT 42 DEN ACHT FÁN GCOIMISIÚN, 2014 (DUALGAS NA HEARNÁLA POIBLÍ)

***'Deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas a chur chun cinn agus a chosaint cearta daonna'***

IHREC Ráiteas Straitéise 2016-2018

*Foráiltear le hAlt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014:*


"Le linn do chomhlacht poiblí a fheidhmeanna a chomhlíonadh, beidh aird aige ar an ngá atá leis na nithe seo a leanas:

(a) Idirdhealú a dhíbirt

(b) Comhionannas i ndeiseanna a fhoirne agus na ndaoine a gcuireann sé seirbhísí ar fáil dóibh agus sa chaoi a gcaitear leo a chur chun cinn

(c) Cearta daonna a chomhaltaí, a fhoirne agus na ndaoine a gcuireann sé seirbhísí ar fáil dóibh a chosaint."

Ceanglaítear ar chomhlacht poiblí go leagfaí amach ina Ráiteas Straitéiseach measúnú ar na saincheisteanna um chearta an duine agus um an gcomhionannas a chreideann sé atá ábhartha d'fheidhmeanna agus do chuspóir an chomhlachta, agus na beartais, na pleananna agus na gníomhartha atá i bhfeidhm nó a bheartaítear a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin. Ní mór dó ansin tuairisc a thabhairt ar fhorbairtí agus éachtaí a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin ina Thuarascáil Bhliantúil.



Ar aon dul le comhlacht poiblí ar bith eile, tá feidhm ag an dualgas seo ar Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas. Murab ionann is comhlachtaí poiblí eile, is é ár sainordú reachtúil aghaidh a thabhairt ar chearta an duine agus ar an gcomhionannas. I gcás seo againne, mar sin, cuireann ár Ráiteas Straitéise 2016–2018 measúnú i láthair ar na saincheisteanna um chearta an duine agus um an gcomhionannas a chreidimid atá ábhartha dár bhfeidhmeanna agus dár gcuspóir, agus ó thús deireadh na Tuarascála Bliantúla seo leagaimid amach ár ndul chun cinn go dtí seo maidir le haghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin.

Caithfimid cearta an duine agus an comhionannas a chur san áireamh freisin sa chaoi a mbímid ag cur ár gcuid feidhmeanna i bhfeidhm agus ag tabhairt faoinár n obair laethúil. In 2016, i ndiaidh obair Grúpa Oibre foirne le haghaidh Comhionannais agus Chearta an Duine, chuir athbhreithniú ó thaobh chearta an duine agus an chomhionannais bonn eolais faoi fhorbairt beartais fostaithe. Ina theannta sin, chinneamar gur cheart díriú i mbliana ar a chinntiú gur tugadh aghaidh ar chúinsí inrochtaine in athchóiriú ár n áitribh agus i bhforbairt ár suímh gréasáin.

Bhí prionsabail an Dearaidh Uilíoch agus an rochtain is fearr is féidir ag croí an éitis d'fheistiú ár n áitribh nua agus tugadh faoi iniúchadh cuimsitheach ar inrochtaine chun a chinntiú go léiríonn na hoibreacha críochnaithe an dea chleachtas ina leith sin. Agus an t áitreabh á fhorbairt, thacaigh an Coimisiún leis an tionscnamh "Changing Places Ireland" trí shaoráid athraithe inrochtana den chéad scoth a chur san áitreabh, ina bhfuil crochán agus binse athraithe is féidir a airde a athrú. Ní fhreastalaíonn gnáthleithris do dhaoine faoi mhíchumas ar riachtanais gach duine faoi mhíchumas toisc go dteastaíonn na háiseanna breise sin ó roinnt daoine má tá siad leis an leithreas a úsáid. Cuireann áiseanna "Changing Places" iad sin ar fáil chun a chinntiú go léirítear meas ar shláinte, ar shábháilteacht agus ar bhundínit an duine faoi mhíchumas.

Tá sé d'aidhm ag na bearta sin freastal ar an bhfoireann, ar pháirtithe leasmhara agus ar an bpobal faoi mhíchumas a úsáideann ár n áitreabh. Ina theannta sin, i rith na bliana:

- Cheapamar Oifigeach Rochtana a fheidhmíonn mar phointe teagmhála don phobal agus do chomhaltaí foirne a dteastaíonn comhairle agus tacaíocht uathu ar chúrsaí a bhaineann le hinrochtaine.
- Thugamar faoi Shainchomhairleoireacht Rochtana chun sraith ceardlann a chur ar fáil a raibh d'aidhm aici feasacht na foirne a mhéadú ar fhadhbanna a bhaineann le cúrsaí inrochtaine sa láthair oibre.
- Agus muid ag plé leis an bpobal agus le heagraíochtaí eile – inár n áitreabh ar Shráid na Faiche nó in áit eile – chinntíomar go gcuirtear rochtain agus freastal réasúnta do dhaoine faoi mhíchumas san áireamh.
- Agus suíomh gréasáin an Choimisiúin á athfhorbairt in 2016, ghlacamar le cur chuige a raibh dearadh bunaithe ar an lucht úsáidte mar bhonn eolais faoi agus bhunaíomar painéal úsáideoirí chun bonn eolais a chur faoin tionscadal.

Aithnítear go gcaithfidh rannpháirtíocht sealbhóirí ceart a bheith ina croíluach atá mar bhonn agus mar thaca ag ár n obair agus cuireann sé sin go ginearálta leis an mbéim sin ar inrochtaine. I rith 2016, mar shampla, nuair a thugamar faoinár gcomhairliúchán poiblí ar chomhlíonadh Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le gach cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú in Éirinn, roghnaíomar modhanna spriocdhírithe agus cuí agus cumarsáid shoiléir, bheacht chun dul i dteagmháil le mná ó chúlraí agus ó shuíomhanna difriúla, go háirithe iad siúd ba lú seans go nglacfaidís páirt sa chomhairliúchán. Chuireamar modhanna éagsúla ar fáil freisin chun aighneacht a dhéanamh chun a chinntiú go mbeadh deis ag réimse leathan daoine cur lenár gcomhairliúchán.

# AGUISÍNÍ

**SA CHUID SEO:**


Aguisín 1 Comhaltaí an Choimisiúin ..... 50
Aguisín 2 Freastal ar an gCoimisiún ..... 52
Aguisín 3 Fochoistí an Choimisiúin ..... 53
Aguisín 4 Foireann an Choimisiúin ..... 54
Aguisín 5 Rannpháirtíocht i Sásraí Idirnáisiúnta ..... 55
Aguisín 6 Foilseacháin an Choimisiúin ..... 56
Aguisín 7 Preaseisiúintí an Choimisiúin ..... 57


## Aguisín 1 Comhaltaí an Choimisiúin

### Emily Logan, An Príomh-Choimisinéir

Is í Emily Logan An Príomh-Choimisinéir Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas. Sna deich mbliana sular ceapadh í, d'fhóin Emily mar an chéad Ombudsman do Leanaí in Éirinn.

### Teresa Blake BL

Is Abhcóide Sinsearach í Teresa Blake atá ag cleachtadh mar abhcóide in Éirinn ó 1995 i leith i ndlí leas agus cosanta leanaí, dlí tearmainn agus imirce, agus míchumas oideachais. Is Cathaoirleach ar an mBinse Meabhairshláinte í Teresa faoi láthair.

### Frank Conaty

Is Cuntasóir Cairte é Frank Conaty, agus iar Chathaoirleach an Chomhaontais Náisiúnta Tuismitheoirí agus Siblíní agus is léachtóir é i Scoil Ghnó agus Eacnamaíochta J. E. Cairnes in OÉ, Gaillimh agus ball cleamhnaithe den fhoireann teagaisc san Ionad um Dhlí agus Beartas Míchumais, in OÉ, Gaillimh freisin.

### Heydi Foster Breslin

Is í Heydi Foster Breslin Príomh Oifigeach Feidhmiúcháin Mhisean Cara, eagraíocht forbartha chreideamh bhunaithe. Tá sí ina Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin ar Dhóchas, Cumann na hÉireann d'Eagraíochtaí Forbartha Neamhrialtasacha, agus tá sí ina Cathaoirleach ar Common Purpose Ireland.

### Liam Herrick

Ceapadh Liam Herrick mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar an gComhairle um Chearta an Duine i mí na Samhna 2016. Roimhe sin d'oibrigh sé mar Chomhairleoir don Uachtarán Micheál D. Ó hUigínn ar feadh trí bliana beagnach. Bhí sé in Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar Iontaobhas na hÉireann um Athchóiriú an Chórais Choiriúil idir 2007 agus 2014. D'oibrigh sé freisin mar oifigeach sinsearach reachtaíochta agus athbhreithnithe beartais ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine mar a bhí, agus le haghaidh an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí agus na Roinne Gnóthaí Eachtracha.

### David Joyce BL

Is Abhcóide agus iar oifigeach beartas dlí é David Joyce le Gluaiseacht Taistealaithe na hÉireann.

### Mark Kelly

Is dlíodóir um chearta idirnáisiúnta an duine é Mark Kelly. Tá sé ina chomhalta tofa le haghaidh na hÉireann den Choiste Eorpach chun Céastóireacht a Chosc de chuid Chomhairle na hEorpa. Go dtí mí Dheireadh Fómhair 2016, bhí sé ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar an gComhairle um Chearta an Duine.

### Sunniva McDonagh SC

Is Abhcóide Sinsearach í Sunniva McDonagh. Cleachtann sí i réimse an dlí riaracháin, an dlí imirce agus na gceart bunúsach. Is iar Chathaoirleach í ar an mBinse Achomhairc do Dhídeanaithe, Cathaoirleach ar an mBinse

Meabhairshláinte agus Comhalta den Bhord Achomhairc um Sheirbhísí Maoine.

### An tOllamh Siobhán Mullally

Is í an tOllamh Siobhán Mullally an tOllamh le Dlí agus Stiúrthóir an Ionaid um Cheartas Coiriúil agus Cearta an Duine i gColáiste na hOllscoile Corcaigh, Comhalta den Chúirt Bhuan Eadrána, an Háig agus an Chéad Leas Uachtarán ar an nGrúpa Saineolaithe um Ghníomhaíocht i gcoinne Gáinneála ar Dhaoine de chuid Chomhairle na hEorpa.

### An Dr Mary Murphy

Is Léachtóir le Polaitíocht agus Sochaí Éireannach in Ollscoil Mhá Nuad í an Dr Mary Murphy, comhalta d'Institiúid Eolaíochtaí Sóisialta na hollscoile, agus bíonn sí gníomhach i ngrúpaí agus i gcoistí éagsúla sochaí sibhialta don cheartas sóisialta.

### An tOllamh Ray Murphy

Tá an tOllamh Ray Murphy ina Ollamh le Dlí in Ionad na hÉireann um Chearta an Duine, in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

### An Dr Fidèle Mutwarasibo

Is socheolaí é an Dr Fidèle Mutwarasibo, comhalta bunaidh d'Ionad na hAfraice agus iar Bhainisteoir Imeasctha le Comhairle um Inimircigh na hÉireann. Is sainchomhairleoir neamhspleách é faoi láthair.

### Orlagh O'Farrell

Is Sainchomhairleoir Neamhspleách í Orlagh O'Farrell ar dhlí an chomhionannais fostaíochta, agus cúrsaí idirdhealaithe, iarchomhalta na hÉireann ar líonra na hEorpa de shaineolaithe dlí ar chomhionannas inscne agus neamh idirdhealú, agus comhalta de Equality and Rights Alliance.

### Betty Purcell

Is léiritheoir faisnéise, údar agus léachtóir í Betty Purcell. Bhí sí ina comhalta bunaidh de Irish Women United, ina comhalta feidhmiúcháin de Chumann Oibrithe na hÉireann agus is feachtasóir í ar chúrsaí sóisialta agus ceartais.

### Kieran Rose

Is Pleanálaí Sinsearach le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath é Kieran Rose. Is comhalta bunaidh agus iarchathaoirleach é den Líonra Comhionannais do Dhaoine Aeracha agus Leispiacha. Roimhe seo, d'fhóin Kieran mar Chomhalta Boird ar an Údarás Comhionannais agus is Comhalta Boird Comhairleach é faoi láthair den Center for the Theory of Change i Nua Eabhrac.

# Aguisín 2
# Freastal ar an gCoimisiún

## Cruinnithe an Choimisiúin

| COMHALTAÍ AN CHOIMISIÚIN | GNÁTHCHRUINNITHE IOMLÁNACHA |
|---|---|
| Emily Logan | 7 as 7 |
| Teresa Blake SC | 6 as 7 |
| Frank Conaty | 7 as 7 |
| Heydi Foster-Breslin | 7 as 7 |
| Liam Herrick | 5 as 7 |
| David Joyce BL | 6 as 7 |
| Mark Kelly | 5 as 7 |
| Sunniva McDonagh SC | 5 as 7 |
| An tOllamh Siobhán Mullally | 5 as 7 |
| An Dr Mary Murphy | 7 as 7 |
| An tOllamh Ray Murphy | 6 as 7 |
| An Dr Fidele Mutswarasibo | 4 as 7 |
| Orlagh O'Farrell | 6 as 7 |
| Betty Purcell | 7 as 7 |
| Kieran Rose | 7 as 7 |

I dteannta na seacht ngnáthchruinniú iomlánacha a reáchtáladh in 2016, tionóladh naoi gcruinniú eile de chuid an Choimisiúin inar theastaigh cúigear Comhaltaí Coimisiúin ar a laghad mar líon gnó, chun cinntí am íogaire a thaifead idir na gnáthchruinnithe iomlánacha a beartaíodh

# Aguisín 3
# Fochoistí an Choimisiúin

Bhí cúig choiste i bhfeidhm ag an gCoimisiún in 2016, mar seo a leanas:

- An Coiste Cásoibre
- An Coiste Beartais agus Reachtaíochta
- An Coiste Iniúchta agus Riosca
- An Coiste Airgeadais
- An Coiste Acmhainní Daonna

| AN COISTE INIÚCHTA AGUS RIOSCA | CRUINNITHE 2016 |
|---|---|
| Michael Tyndall (an Cathaoirleach Seachtrach) | 4 as 4 |
| Frank Conaty | 4 as 4 |
| Teresa Blake SC | 2 as 4 |
| Heydi Foster-Breslin | 2 as 4 |
| Siobhán Mullally d'fhág an Coiste 18.05.2016 | 0 as 1 |
| Kieran Rose ar an gCoiste ón 18.05.2016 | 2 as 3 |

| AN COISTE CÁSOIBRE | CRUINNITHE 2016 |
|---|---|
| Sunniva McDonagh, an Cathaoirleach | 4 as 4 |
| Emily Logan, An Príomh-Choimisinéir | 4 as 4 |
| Teresa Blake SC | 3 as 4 |
| Liam Herrick | 4 as 4 |
| Siobhán Mullaly | 4 as 4 |
| David Joyce BL | 3 as 4 |

| AN COISTE AIRGEADAIS | CRUINNITHE 2016 |
|---|---|
| Frank Conaty (an Cathaoirleach) | 4 as 4 |
| Ray Murphy | 4 as 4 |
| Mark Kelly | 4 as 4 |
| Sinéad Gibney (Stiúrthóir) | 4 as 4 |
| Laurence Bond (Stiúrthóir Gníomhach) | 1 as 1 |
| Kevin De Barra (an Ceannasaí Seirbhísí Corparáideacha) | 4 as 4 |

| AN COISTE ACMHAINNÍ DAONNA | CRUINNITHE 2016 |
|---|---|
| Kieran Rose | 4 as 4 |
| Emily Logan | 3 as 5 |
| Mark Kelly | 5 as 5 |
| Heydi Foster-Breslin | 3 as 5 |
| An Dr Fidele Mutswarasibo | 3 as 5 |
| Betty Purcell | 5 as 5 |

| AN COISTE BEARTAIS AGUS REACHTAÍOCHTA | CRUINNITHE 2016 |
|---|---|
| Siobhán Mullally An Cathaoirleach ón 15.06.2016 | 2 as 2 |
| Emily Logan, An Príomh-Choimisinéir | 2 as 2 |
| Mark Kelly | 2 as 2 |
| Teresa Blake SC | 2 as 2 |
| David Joyce BL | 0 as 2 |
| Betty Purcell | 1 as 2 |
| Mary Murphy | 2 as 2 |

# Aguisín 4
# Foireann an Choimisiúin

| AINM | GRÁD | NÓTA |
|---|---|---|
| | | |
| **An Stiúrthóir** | | |
| Sinéad Gibney | | |
| **Dlí agus Faisnéis** | | |
| Michael O'Neill | PO | |
| Sinéad Lucey | POC | Éirithe as an 11 Bealtaine 2016 |
| Gwendolen Morgan | POC | |
| Móirín Moynihan | POC | Go dtí an 6 Bealtaine 2016 |
| Maria Mullan | POC | |
| Sinéad Fitzpatrick | POC | |
| Barra Lysaght | AOF | |
| Abed Al Dakar | AOF | |
| Paul McKeon | OF | Ceaptha an 22 Meán Fómhair 2016 |
| Maryse Jennings | OC/OF | |
| Colm Parnell | OC | Ceaptha an 22 Meán Fómhair 2016 |
| Dennis O'Rourke | OC | |
| Karine Petrasuc | OC | |
| **Rannpháirtíocht Phoiblí** | | |
| Carole Sullivan | POC | Aistrithe an 29 Iúil 2016 |
| Fidelma Joyce | POC | |
| Dónal Rice | POC | Ceaptha an 25 Iúil 2016 |
| Brian Dawson | POC | Ceaptha an 10 Deireadh Fómhair 2016 |
| Stefania Minervino | OFo | |
| Sorcha Lowry | AOF | |
| Mella Walsh | OF | |
| Caitríona Mason | OF | Aistrithe an 28 Deireadh Fómhair 2016 |
| Laura Brady | OF | Aistrithe an 28 Deireadh Fómhair 2016 |
| Patrick Kalisa | OF | Ceaptha an 22 Meán Fómhair 2016 |
| Gareth Walsh | OF | Ceaptha an 17 Deireadh Fómhair 2016 |
| Jack Gibson | OC | Ceaptha an 22 Meán Fómhair 2016 |
| Geraldine Crowley | OC | |

| | | |
|---|---|---|
| **Beartas agus Athbhreithniú** | | |
| Ruth Gallagher | PO | |
| Róisín Hennessy | POC | Aistrithe an 13 Meitheamh 2016 |
| Walter Jayawardene | POC | |
| Cathal Kelly | OFo | |
| Siobhán McNamara | AOF | |
| Karen McLaughlin | AOF | |
| **Taighde** | | |
| Laurence Bond | PO | |
| Deirdre Toomey | OFo | |
| Gerry Finn | AOF | |
| Cliona Doherty | AOF | Ceaptha an 5 Deireadh Fómhair 2016 |
| Áine Sperrin | OF | Ceaptha an 17 Deireadh Fómhair 2016 |
| Philomena Guerin | OC | |
| Jean Hogarty | OC | Ceaptha an 22 Meán Fómhair 2016 |
| **Seirbhísí Corparáideacha** | | |
| Kevin De Barra | POC | |
| Geraldine Behan | AOF | |
| Muireann Ní Thuairisg | OF | |
| Niamh Corcoran | OF | |
| Fern Sheridan | OF | Ceaptha an 16 Bealtaine 2016 |
| Patricia Mooney | OF | Ceaptha an 25 Iúil 2016 |
| Barry Price | OC | Ceaptha an 22 Meán Fómhair 2016 |
| John Ryan | OC | |

# Aguisín 5 Rannpháirtíocht i Sásraí Idirnáisiúnta

Cuireann an Coimisiún a shainordú chun cinn tuilleadh trína rannpháirtíocht i sásraí réigiúnacha agus idirnáisiúnta a chomhordaíonn obair na n institiúidí náisiúnta um chearta an duine agus na gcomhlachtaí náisiúnta comhionannais. In 2016, d'éascaigh rannpháirtíocht le comhghleacaithe, in institiúidí náisiúnta um chearta an duine agus i gcomhlachtaí comhionannais, malartú ríluachmhar smaointe, foghlama agus dea chleachtais. Coinníonn an Coimisiún caidreamh oibre freisin lena chomhpháirtithe i dtrí dhlínse na Ríochta Aontaithe; Coimisiún Chearta an Duine in Albain, Coimisiún Chearta an Duine i dTuaisceart Éireann, the Equality Commission for Northern Ireland agus Coimisiún Chearta an Duine agus Comhionannais.

## An Comhaontas Domhanda d'Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine (GANHRI

- Comhdháil Náisiúnta Choiste Comhordaithe Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe d'Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine san Ghinéiv
- Cur le beartas GANHRI ar chóras creidiúnaithe na n institiúidí náisiúnta um chearta an duine a neartú le haghaidh institiúidí i mbun aistriú
- Grúpa oibre gnó agus chearta an duine

## Líonra Eorpach na nInstitiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine (ENNHRI)

- Cruinniú Chomhthionól Ginearálta ENNHRI
- Grúpa oibre dlí
- Grúpa oibre le haghaidh cearta geilleagracha, sóisialta agus cultúrtha
- Grúpa comhairleach ar chearta daonna daoine scothaosta agus cúram fadtéarmach
- Cur le comhráiteas ENNHRI ar Phróiseas Turin le haghaidh Chairt Shóisialta na hEorpa

## Líonra Eorpach na gComhlachtaí Comhionannais Náisiúnta (Equinet)

- Cruinniú Ginearálta Bliantúil Equinet
- Grúpa oibre le haghaidh comhionannas inscne
- Saotharlann meastóireachta
- Ceardlann le haghaidh gairmithe dlí ar idirdhealú ciníoch
- Oiliúint faoi na meáin shóisialta do chomhlachtaí comhionannais
- Seimineár ar inrochtaine agus freastal réasúnta, a d'eagraigh Equinet agus Ombudsman Míchumais na hOstaire

## Comhairle na hEorpa

- Seimineár Bliantúil an Choimisiúin Eorpaigh i gcoinne Chiníochais agus na hÉadulaingthe le Comhlachtaí Náisiúnta Speisialaithe
- Ceardlann páirtithe leasmhara Chomhairle na hEorpa ar ghnó agus cearta an duine, le hInstitiúid na Danmhairge um Chearta an Duine agus Aireacht Gnóthaí Eachtracha na Danmhairge
- Clár JUSTROM ar rochtain Ban Romach agus Ban ón Lucht Siúil ar cheartas, comhthionscnamh de chuid Chomhairle na hEorpa, FRA, Equinet agus ENNHRI

## An tAontas Eorpach

- Coiste Comhairleach um Chomhdheiseanna do Mhná agus d'Fhir
- Grúpa Comhairleach Saineolaithe na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne
- Comhalta ainmnithe de struchtúr rialaithe Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA)

# Aguisín 6
# Foilseacháin an Choimisiúin

IHREC Submission to the European Commission on the First preliminary outline of a European Pillar of Social Rights, Nollaig 2016

IHREC Submission to the Citizens' Assembly in its consideration of Article 40.3.3° of the Irish Constitution, Nollaig 2016

IHREC Factsheet on Budget Proofing for Human Rights and Equality: The Budget Process, Nollaig 2016

IHREC Factsheet on Budget Proofing for Human Rights and Equality: Budgetary Institutions – What's Changing?, Nollaig 2016

IHREC Factsheet on Budget Proofing for Human Rights and Equality: Budget Proofing Background and Some Learning, Nollaig 2016

IHREC factsheet on Budget Proofing for Human Rights and Equality: Realising Rights – Key Principles, Nollaig 2016

IHREC Submission to the Council of Europe Group of Experts on Action against Trafficking in Human Beings ('GRETA') in advance of its Second Evaluation Round of Ireland, Nollaig 2016

IHREC Observations on the General Scheme of the Equality / Disability (Miscellaneous Provisions) Bill, Nollaig 2016

IHREC Observations on the Education (Admission to Schools) Bill 2016, Samhain 2016

IHREC Submission: Consultation on Strategy for the Rental Sector, Samhain 2016

IHREC Memorandum: Review of the Law on Access to Communication Data, Samhain 2016

Treoir Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas le haghaidh Bhileog Dhualgas na hEarnála Poiblí, Meán Fómhair 2016

Tuarascáil Bhliantúil Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2015, Meitheamh 2016

Important Changes to Equality Law for Rental Market, Feabhra 2016

Ráiteas Straitéise Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2016–2018, Eanáir 2016

# Aguisín 7
# Preaseisiúintí an Choimisiúin

Irish Human Rights and Equality Commission Statement Concerning Ibrahim Halawa, 9 Nollaig 2016

Concerns Over "Deficit in Protection" for Victims of Human Trafficking, 8 Nollaig 2016

Ireland Must Ratify UN Disability Rights Treaty, 2 Nollaig 2016

Taoiseach's Historic Commitment to Traveller Ethnicity Must Be Delivered, 24 Samhain 2016

Council of Europe Human Rights Chief Hears of Irish Traveller Inequality at Start of Country Monitoring, 22 Samhain 2016

'Segregation Out' of Traveller, immigrant children & children of people with disabilities from schools through preferential access for others should be prohibited – Commission, 16 Samhain 2016

Commission Challenges Government to Recognise Traveller Ethnicity, 26 Deireadh Fómhair 2016

Commission Challenges Government on Failure to Offer Settlements to Abuse Victims, 17 Deireadh Fómhair 2016

Inaugural Human Rights & Equality Professional Diploma Underpins Role of Public Sector Duty, 13 Deireadh Fómhair 2016

Statement from the Irish Human Rights and Equality Commission on Budget 2017, 11 Deireadh Fómhair 2016

IHREC Awards €250,000 in Inaugural Human Rights and Equality Grant Scheme 2016, 10 Deireadh Fómhair 2016

Emily Logan, Chief Commissioner of IHREC receives Honorary Degree of Doctor of Laws from University College Dublin, 6 Meán Fómhair 2016

IHREC in national consultation to inform report to UN women's rights committee, 11 Lúnasa 2016

IHREC to appear as *amicus curiae* in Supreme Court on the rights of a person in Direct Provision, 19 Iúil 2016

Tuarascáil Bhliantúil 2015 Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 28 Meitheamh 2016

IHREC attends Select Committee on Arrangements for Budgetary Scrutiny, 21 Meitheamh 2016

IHREC recommends the Government commit to fully implementing recommendations of the Working Group on Direct Provision, 17 Meitheamh 2016

Statement on the views of the UN Human Rights Committee, 10 Meitheamh 2016

IHREC responds to European Committee on Social Rights finding against Ireland on Traveller accommodation, 16 Bealtaine 2016

IHREC attends Ireland's Universal Period Review hearing at United Nations, 11 Bealtaine 2016

Joint Statement from the Irish Human Rights and Equality Commission and the Northern Ireland Human Rights Commission on UK proposal to repeal the Human Rights Act 1998, 10 Bealtaine 2016

UN Special Rapporteur launches report on Convention on the Rights of Persons with Disabilities at event in Dublin, 9 Bealtaine 2016

Statement on the election of Anastasia Crickley as first Irish Chairperson of a UN Treaty Body, 26 Aibreán 2016

IHREC concerns over adequacy of protections for refugees, 20 Aibreán 2016

Statement on the refugee crisis and the EU Turkey agreement, 8 Aibreán 2016

IHREC concerns regarding the ongoing crisis of Europe's Migration System, 31 Márta 2016

IHREC alerts landlords, tenants and accommodation advertisers to new equality law, 26 Feabhra 2016

IHREC notes judgment of High Court in housing case stands after Supreme Court appeals withdrawn, 11 Feabhra 2016

UN Committee publishes “detailed and wide ranging” report on Ireland’s child rights record, 4 Feabhra 2016

IHREC launches its first Strategy Statement 2016 2018, 26 Eanáir 2016

IHREC attends UN Committee hearing on Ireland’s compliance with Convention on the Rights of the Child, 14 Eanáir 2016